Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Meán Fómhair 2025 (OR. en)**

**12673/25**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0267 (NLE)**

**PROBA 32**
**AGRI 410**
**WTO 73**
**DEVGEN 143**
**FORETS 68**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 470 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle<br>maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta Caife 2022 ag an Aontas Eorpach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 470 annex.

---

Faoi iamh: COM(2025) 470 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.9.2025
COM(2025) 470 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

***a ghabhann leis an***

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta Caife 2022 ag an Aontas Eorpach**

AN EAGRAÍOCHT IDIRNÁISIÚNTA CHAIFE

E

**Cóip de théacs fíordheimhnithe**

# COMHAONTÚ IDIRNÁISIÚNTA CAIFE 2022

Meitheamh 2022
Londain, an Ríocht Aontaithe

Le Rún 476, d'fhormheas an Chomhairle Idirnáisiúnta Caife, an 9 Meitheamh 2022, téacs Chomhaontú Idirnáisiúnta Caife 2022, atá i ndoiciméad ICC-133-7. Leis an Rún céanna, d'iarr an Chomhairle ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin téacs cinntitheach an Chomhaontaithe a ullmhú, agus an téacs sin a fhíordheimhniú lena tharchur chuig an Taiscí. An 9 Meitheamh 2022, d'fhormheas an Chomhairle Rún 477, lenar ainmníodh an Eagraíocht Idirnáisiúnta Chaife mar Thaiscí le haghaidh Chomhaontú Idirnáisiúnta Caife 2022.

Tá cóip sa doiciméad seo de théacs Chomhaontú Idirnáisiúnta Caife 2022 a taisceadh leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta Chaife lena shíniú faoi fhorálacha Airteagal 44 den Chomhaontú sin.

INTERNATIONAL COFFEE ORGANIZATION

222 Gray's Inn Road
Londain WC1X 8HB, an Ríocht Aontaithe

## CLÁR

Airteagal Leathanach


Brollach ..... 1

CAIBIDIL I — CUSPÓIRÍ

1 Cuspóirí ..... 3

CAIBIDIL II — SAINMHÍNITHE

2 Sainmhínithe ..... 5

CAIBIDIL III – GEALLTANAIS GHINEARÁLTA Ó CHOMHALTAÍ

3 Gealltanais ghinearálta ó Chomhaltaí ..... 8

CAIBIDIL IV – BALLRAÍOCHT AGUS CLEAMHNACHT

4 Ballraíocht na hEagraíochta ..... 9
5 Ballraíocht an ghrúpa ..... 9
6 Cleamhnacht ..... 9

CAIBIDIL V – AN EAGRAÍOCHT IDIRNÁISIÚNTA CHAIFE

7 Suíomh agus struchtúr na hEagraíochta Idirnáisiúnta Caife ..... 11
8 Pribhléidí agus díolúintí ..... 11

CAIBIDIL VI – AN CHOMHAIRLE IDIRNÁISIÚNTA CAIFE

9 Comhdhéanamh na Comhairle Idirnáisiúnta Caife ..... 13
10 Cumhachtaí agus feidhmeanna na Comhairle ..... 13
11 Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach na Comhairle ..... 14
12 Seisiúin na Comhairle ..... 14
13 Vótaí ..... 15
14 Nós imeachta vótála na Comhairle ..... 16
15 Cinntí ón gComhairle ..... 16
16 Comhar le heagraíochtaí eile ..... 18
17 Comhar le heagraíochtaí neamhrialtasacha ..... 18

CAIBIDIL VII – AN STIÚRTHÓIR FEIDHMIÚCHÁIN AGUS AN FHOIREANN

18 An Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus an fhoireann ..... 19

## CAIBIDIL VIII — AIRGEADAS AGUS RIARACHÁN


19 An Coiste Airgeadais agus Riaracháin ..... 20
20 Airgeadas ..... 20
21 An Buiséad Riaracháin a chinneadh agus measúnú a dhéanamh ar ranníocaíochtaí ..... 20
22 Ranníocaíochtaí a íoc ..... 22
23 Dliteanais ..... 22
24 Cuntais a iniúchadh agus a fhoilsiú ..... 23


## CAIBIDIL IX – EACNAMAÍOCHT


25 An Coiste Eacnamaíochta ..... 24
26 Deireadh a chur le bacainní trádála agus tomhaltais ..... 24
27 Cur chun cinn agus forbairt an mhargaidh ..... 25
28 Bearta a bhaineann le caife próiseáilte ..... 26
29 Meascáin agus ionadaigh ..... 26
30 Faisnéis staidrimh ..... 26
31 Deimhnithe Tionscnaimh ..... 27
32 Staidéir, suirbhéanna agus tuarascálacha ..... 28


## CAIBIDIL X – GNÍOMHAÍOCHTAÍ TIONSCADAIL NA hEAGRAÍOCHTA


33 Tionscadail a fhorbairt agus a chistiú ..... 30


## CAIBIDIL XI – EARNÁIL PHRÍOBHÁIDEACH AN CHAIFE


34 Bord na gComhaltaí Cleamhnachta ..... 31
35 Meitheal Phríobháideach-Phoiblí an Chaife – CPPWP ..... 32
36 Rannpháirteachas, comhtháthú agus cuimsitheacht ..... 33
37 Comhdháil Chaife an Domhain ..... 34
38 Maoiniú na hEarnála Caife ..... 34


## CAIBIDIL XII – FORÁLACHA GINEARÁLTA


39 Ullmhúcháin le haghaidh Comhaontú nua ..... 35


## CAIBIDIL XIII – FORBAIRT INBHUANAITHE


40 Earnáil inbhuanaithe caife ..... 36
41 Caighdeán maireachtála agus dálaí oibre ..... 36

## CAIBIDIL XIV – COMHAIRLIÚCHÁIN, DÍOSPÓIDÍ AGUS GEARÁIN


42 Comhairliúcháin ... 37
43 Díospóidí agus gearáin ... 37


## CAIBIDIL XV – FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA


44 Síniú agus daingniú, glacadh nó formheas ... 38
45 Cur i bhfeidhm sealadach ... 38
46 Teacht i bhfeidhm ... 38
47 Aontachas ... 39
48 Forchoimeádais ... 40
49 Tarraingt siar dheonach ... 40
50 Eisiamh ... 40
51 Lánghlanadh na gcuntas le Comhaltaí a tharraingeoidh siar nó a eiseofar ... 40
52 Ré agus foirceannadh ... 41
53 Leasú ... 41
54 Foráil fhorlíontach agus idirthréimhseach ... 42
55 Téacsanna barántúla an Chomhaontaithe ... 43

# COMHAONTÚ IDIRNÁISIÚNTA CAIFE 2022

## BROLLACH

Tá na Rialtais atá ina bPáirtithe sa Chomhaontú seo,

Ag aithint dóibh ríthábhacht an chaifé do gheilleagair tíortha iomadúla a bhraitheann ar an gcaife go mór ar mhaithe lena dtuilleamh onnmhairiúcháin agus a spriocanna forbartha sóisialta agus eacnamaíocha a bhaint amach, agus do thíortha iomadúla ina bhfuil príomhról ag allmhairí caife;

Ag aithint dóibh tábhacht na hearnála caife do shlite beatha na milliún daoine, go háirithe i dtíortha i mbéal forbartha, agus é á chur san áireamh gur ar fheirmeacha teaghlaigh ar mionscála a tháirgtear an caife i roinnt mhaith de na tíortha sin;

De bhrí go bhfuil gá leis an gcomhoibriú i measc chomhaltaí an tslabhra luacha chun oibriú in éineacht le chéile chun na dálaí struchtúracha a chruthú lena bhfágfar ní hamháin gur féidir le feirmeoirí caife fíor-rathúnas a bhaint amach agus feabhas a chur ar a slí bheatha go leanúnach, ach lena ndaingneofar an todhchaí don chéad ghlúin eile de shaothróirí caife agus do thionscal domhanda an chaife freisin;

Ag aithint dóibh go rannchuidíonn earnáil inbhuanaithe caife leis na spriocanna forbartha arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta a bhaint amach, lena n-áirítear na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) ábhartha;

Ag aithint dóibh gur gá forbairt inbhuanaithe earnáil an chaife a chothú, lena bhfágfar go mbeidh fostaíocht agus ioncam feabhsaithe, agus caighdeáin mhaireachtála agus dálaí oibre níos fearr ann sna Ballstáit;

De bhrí, de thoradh dlúthchomhar idirnáisiúnta maidir le hábhair chaife, agus an trádáil idirnáisiúnta san áireamh, gur féidir earnáil dhomhanda caife a chothú, a bheidh éagsúlaithe go heacnamaíoch, forbairt eacnamaíoch agus shóisialta na dtíortha is táirgeoirí a chothú, chomh maith le forbairt tháirgeadh agus thomhaltas an chaife, agus caidreamh feabhsaithe idir tíortha onnmhairithe agus allmhairithe an chaife;

De bhrí gur féidir leis an gcomhoibriú idir Comhaltaí, eagraíochtaí idirnáisiúnta, an Earnáil Phríobháideach agus na páirtithe leasmhara eile uile rannchuidiú le forbairt earnáil an chaife;

Ag aithint dóibh gur féidir cuidiú le haon saobhadh margaidh lenar féidir díobháil a dhéanamh do tháirgeoirí agus do thomhaltóirí araon a sheachaint trí mhéadú a dhéanamh ar an rochtain ar fhaisnéis a bhaineann le caife agus ar straitéisí margadhbhunaithe um bainistiú riosca, dá bhfuil trédhearcacht margaidh sa slabhra soláthair agus maolú na luaineachta praghsanna fíor-riachtanach, chomh maith le glacadh rialachán iomchuí a éascú; agus

Ag tabhairt dá n-aire dóibh na buntáistí a fhaightear ón gcomhar idirnáisiúnta de thoradh oibriú Chomhaontuithe Idirnáisiúnta Caife 1962, 1968, 1976, 1983, 1994, 2001 agus 2007,

Tar éis comhaontú mar a leanas:

## CAIBIDIL I – CUSPÓIRÍ

AIRTEAGAL 1
**Cuspóirí**

Is é is cuspóir don Chomhaontú seo earnáil dhomhanda an chaife a neartú agus a forbairt a chur chun cinn ar bhealach a bheidh inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair, na sochaí agus an chomhshaoil de i dtimpeallacht mhargadhbhunaithe chun sochair na rannpháirtithe uile san earnáil, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(1) An comhar idirnáisiúnta maidir le hábhair chaife a chur chun cinn ar mhaithe leis na limistéar uile ina bhfástar caife a fhorbairt agus laghdú a dhéanamh ar na bearnaí sóisialta, eacnamaíocha agus teicneolaíocha i measc tíortha, agus riachtanais agus tosaíochtaí na gComhaltaí á gcur san áireamh an tráth céanna;

(2) Rannpháirtíocht na gComhaltaí agus na bpáirtithe leasmhara i slabhra luacha an chaife a éascú ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus domhanda maidir le hábhair chaife;

(3) Na Comhaltaí a spreagadh chun earnáil inbhuanaithe caife a fhorbairt i dtéarmaí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil;

(4) Fóram le haghaidh comhairliúchán a sholáthar chun tuiscint a lorg ar na dálaí struchtúracha i margaí idirnáisiúnta agus ar threochtaí fadtéarmacha sa táirgeadh agus sa tomhaltas lena ndéantar an soláthar agus an t-éileamh a chothromú, chomh maith le rialáil leormhaith a dhéanamh ar na spotmhargaí, na margaí fisiceacha agus na margaí airgeadais don chaife chun aghaidh a thabhairt ar an luaineacht agus ar an amhantraíocht iomarcach lenar féidir praghsanna a shaobhadh, rud lena ngabhann éifeachtaí diúltacha ar tháirgeoirí agus ar thomhaltóirí araon;

(5) Leathnú agus trédhearcacht na trádála idirnáisiúnta a éascú i gcineálacha agus i bhfoirmeacha uile an chaife, agus díchur na mbacainní trádála a chur chun cinn;

(6) Faisnéis, staitisticí agus staidéir eacnamaíocha, theicniúla agus eolaíocha a bhailiú, a scaipeadh agus a fhoilsiú, chomh maith le torthaí taighde agus forbartha in ábhair chaife;

(7) Forbairt an tomhaltais agus na margaí a chur chun cinn le haghaidh chineálacha agus fhoirmeacha uile an chaife, i dtíortha táirgthe an chaife agus i geilleagair margaidh i mbéal forbartha;

(8) Tionscadail a fhorbairt, tacú le bainistiú acmhainní airgeadais le haghaidh tionscnamh agus, i gcás inar féidir agus inar iomchuí, cur chun feidhme na dtionscadal, dá dtairbhíonn Comhaltaí agus geilleagar caife an domhain, a bhainistiú;

(9) Cáilíocht an chaife a chur chun cinn d'fhonn sásamh na dtomhaltóirí agus na tairbhí do tháirgeoirí a fheabhsú;

(10) Forbairt agus cur chun feidhme na nósanna imeachta iomchuí um shábháilteacht bia a spreagadh in earnáil an chaife sna Ballstáit;

(11) Cláir oiliúna agus faisnéise a chur chun cinn, ar cláir iad a ceapadh chun cúnamh a thabhairt le cleachtais nuálacha agus teicneolaíocht nuálach atá ábhartha don chaife a aistriú chuig na Comhaltaí;

(12) Comhaltaí a spreagadh agus tacú leo straitéisí a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun méadú a dhéanamh ar athléimneacht na bpobal áitiúil agus na bhfeirmeoirí caife, go háirithe feirmeoirí beaga, chun é a chur ar a gcumas dóibh tairbhiú de tháirgeadh agus de thrádáil an chaife, rud lenar féidir rannchuidiú le deireadh a chur leis an mbochtaineacht trí ioncam maireachtála do theaghlaigh;

(13) Infhaighteacht na faisnéise a éascú, go háirithe maidir le huirlisí agus seirbhísí airgeadais lenar féidir cúnamh a thabhairt do tháirgeoirí an chaife sna Ballstáit ionstraimí creidmheasa agus bainistithe riosca a rochtain, rud a fhágfaidh gur mó an chuimsitheacht airgeadais agus an bainistiú riosca a bheidh ann, agus an t-athrú aeráide á chur san áireamh freisin.

(14) Aghaidh a thabhairt, trí thaighde i gcás inarb iomchuí, ar na dúshláin atá roimh earnáil dhomhanda an chaife, lena n-áirítear an luaineacht praghsanna, costais arda táirgthe, lotnaidí agus galair, an t-athrú aeráide agus inrianaitheacht an chaife, ach gan a bheith teoranta dóibh sin; agus

(15) Réitigh mhargadhbhunaithe a chur chun cinn lena gcuirfear ar a gcumas do tháirgeoirí breisiú luacha níos mó a ghiniúint.

## CAIBIDIL II – SAINMHÍNITHE

AIRTEAGAL 2
**Sainmhínithe**

Chun críocha an Chomhaontaithe seo:

(1) Ciallaíonn *caife* pónairí agus caora an chrainn caife, bídís sin ina bpratainn, ina bpónairí nó ina silíní amha nó rósta, agus áirítear orthu an caife meilte, díchaiféinithe, leachtach, intuaslagtha agus réamh-mheasctha. Déanfaidh an Chomhairle, a luaithe is féidir tar éis don Chomhaontú seo teacht i bhfeidhm, agus arís ag eatraimh 3 bliana, athbhreithniú ar na fachtóirí coinbhéartachta i gcás na gcineálacha caife a liostaítear i bhfomhíreanna (d), (e), (f), (g) agus (h) thíos. Tar éis na n-athbhreithnithe sin, cinnfidh agus foilseoidh an Chomhairle na fachtóirí coinbhéartachta iomchuí. Roimh an athbhreithniú tosaigh, agus mura mbeidh an Chomhairle in ann teacht ar chinneadh maidir leis an ábhar sin, is iad na fachtóirí coinbhéartachta a bheidh ann na fachtóirí coinbhéartachta sin a úsáidtear i gComhaontú Idirnáisiúnta Caife 2007, a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú seo. Faoi réir na bhforálacha sin, beidh an chiall seo a leanas leis na téarmaí a liostaítear thíos:

(a) Ciallaíonn *caife amh* an caife uile i bhfoirm pónairí amha, neamhrósta;

(b) Ciallaíonn *caor caife triomaithe* torthaí triomaithe an chrainn caife; chun coibhéis na gcaor caife triomaithe le caife amh a ríomh, iolraigh glanmheáchan na gcaor caife triomaithe faoi 0,50;

(c) Ciallaíonn *caife pratainne* pónaire amh an chaife atá i gcraiceann na pratainne; chun coibhéis an chaife pratainne le caife amh a ríomh, iolraigh glanmheáchan phratainn an chaife faoi 0,80;

(d) Ciallaíonn *caife rósta* caife amh agus aon mhéid de róstadh a bheith déanta air, agus áirítear caife meilte leis;

(e) Ciallaíonn *caife díchaiféinithe* caife amh, rósta nó intuaslagtha as ar eastóscadh caiféin;

(f) Ciallaíonn *caife leachtach* na solaid uiscethuaslagtha a dhíorthaítear ó chaife rósta agus a chuirtear i bhfoirm leachtach;

(g) Ciallaíonn *caife intuaslagtha* na solaid uiscethuaslagtha thriomaithe a dhíorthaítear ó chaife rósta; agus

(h) Ciallaíonn *caife réamh-mheasctha* meascáin de chaife intuaslagtha nó de chaife rósta agus meilte in éineacht le comhábhair bia eile, siúcra agus/nó uachtar bréige de ghnáth, agus b’fhéidir comhábhair áirithe eile.

(2) Ciallaíonn *mála* 60 cileagram nó 132,276 punt caife aimh; Ciallaíonn *tona* mais 1 000 cileagram nó 2 204,6 punt; agus ciallaíonn *punt* 453,597 gram.

(3) Ciallaíonn *bliain chaife* tréimhse bliana, ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 30 Meán Fómhair.

(4) Ciallaíonn *Eagraíocht* agus *Comhairle*, faoi seach, an Eagraíocht Idirnáisiúnta Chaife agus an Chomhairle Idirnáisiúnta Caife.

(5) Ciallaíonn *Páirtí Conarthach* Rialtas, an tAontas Eorpach nó aon eagraíocht idir-rialtasach dá dtagraítear i mír (3) d'Airteagal 4 a thaisc ionstraim dhaingniúcháin, ghlactha, formheasta nó fógra um chur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe seo i gcomhréir le forálacha Airteagail 44, 45 agus 46 nó a d'aontaigh dó i gcomhréir le forálacha Airteagal 47.

(6) Ciallaíonn *Comhalta* Páirtí Conarthach.

(7) Ciallaíonn *Comhalta is onnmhaireoir* nó *tír is onnmhaireoir* Comhalta nó tír, faoi seach, ar glan-onnmhaireoir caife é; is é sin, Comhalta nó tír ar mó a onnmhairí nó a honnmhairí ná a allmhairí nó a hallmhairí.

(8) Ciallaíonn *Comhalta is allmhaireoir* nó *tír is allmhaireoir* Comhalta nó tír, faoi seach, ar glan-allmhaireoir caife é; is é sin, Comhalta nó tír ar mó a allmhairí nó a hallmhairí ná a onnmhairí nó a honnmhairí.

(9) *Ciallaíonn* tromlach de na vótaí dáilte vótáil lena ngabhann an ceanglas 70 faoin gcéad nó níos mó a fháil de vótaí na gComhaltaí is onnmhaireoirí atá i láthair agus ag vótáil, agus ceanglas 70 faoin gcéad nó níos mó a fháil de vótaí na gComhaltaí is allmhaireoirí atá i láthair agus ag vótáil, arna gcomhaireamh ar leithligh.

(10) *Ciallaíonn* Taiscí *an eagraíocht idir-rialtasach nó an Páirtí Conarthach i gComhaontú Idirnáisiúnta Caife 2007, arna hainmniú nó arna ainmniú le cinneadh ón gComhairle faoi Chomhaontú Idirnáisiúnta Caife 2007, a bhí le déanamh de chomhthoil roimh an 6 Deireadh Fómhair 2022.* Beidh an cinneadh sin ina chuid dhílis den Chomhaontú seo.

(11) Ciallaíonn an *Earnáil Phríobháideach* an deighleog den gheilleagar atá faoi úinéireacht, faoi rialú agus faoi bhainistiú daoine aonair príobháideacha nó fiontar príobháideach, nó fiontar faoi úinéireacht stáit, a bhfuil a bpríomhghníomhaíochtaí in earnáil an chaife nó a mbaineann a bpríomhghníomhaíochtaí léi agus a oibríonn ar bhealach comhchosúil mar chuid

de chóras oscailte margadhbhunaithe, lena n-áirítear an méid seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dó:

(a) Feirmeoirí, eagraíochtaí agus comharchumainn feirmeoirí, agus táirgeoirí eile;
(b) Micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide (MFBManna);
(c) Fiontair shóisialta;
(d) Cuideachtaí móra náisiúnta agus ilnáisiúnta;
(e) Institiúidí airgeadais; agus
(f) Comhlachais tionscail agus trádála.

(12) Ciallaíonn *an tSochaí Shibhialta* an réimse leathan eagraíochtaí neamhrialtasacha agus seachbhrabúsacha a bhfuil láithreacht sa saol poiblí acu, a chuireann leasanna agus luachanna a gcomhaltaí agus daoine nó eintitis eile in iúl, bunaithe ar bhreithnithe eiticiúla, cultúrtha, polaitiúla, eolaíocha, acadúla nó daonchairdiúla.

(13) Ciallaíonn *Comhalta Cleamhnachta* eintiteas de chuid na hEarnála Príobháidí nó na Sochaí Sibhialta a bhfuil baint aige le hobair na hEagraíochta nó a ghabhann don obair sin.

(14) Is fóram é an *CEO and Global Leaders Forum (CGLF)* [Fóram na bPríomhfheidhmeannach agus na gCeannairí Domhanda] d'fheidhmeannaigh shinsearacha ó eintitis san Earnáil Phríobháideach ar sínitheoirí iad le Dearbhú Londain 2019 maidir le 'praghasleibhéil, luaineacht praghsanna agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach earnáil an chaife' agus a leagadh síos mar fhreagairt na hEarnála Príobháidí ar Rún 465 ón gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta a eisíodh an 20 Meán Fómhair 2018. Tagann an Fóram le chéile gach bliain le Comhaltaí na hEagraíochta Idirnáisiúnta Caife (ICO), le páirtithe leasmhara ábhartha caife agus le comhpháirtithe forbraíochta chun torthaí Mheitheal Phríobháideach-Phoiblí an Chaife (CPPWP), arna sainmhíniú in Airteagal 35, a mheas.

## CAIBIDIL III – GEALLTANAIS GHINEARÁLTA Ó CHOMHALTAÍ

AIRTEAGAL 3

**Gealltanais ghinearálta ó Chomhaltaí**

(1) Geallann na Comhaltaí cibé bearta a ghlacadh ar gá iad chun é a chur ar a gcumas dóibh a n-oibleagáidí faoin gComhaontú seo a chomhlíonadh agus dul i gcomhar iomlán le chéile chun a dhaingniú go mbainfear amach cuspóirí an Chomhaontaithe seo; go háirithe, geallann na Comhaltaí freisin go soláthróidh siad, i gcás inar féidir, an fhaisnéis lena bhfuil gá chun feidhmiú an Chomhaontaithe seo a éascú, ar choinníoll nach sárófar an rúndacht leis an bhfaisnéis sin.

(2) Aithníonn na Comhaltaí gur foinsí tábhachtacha faisnéise staidrimh maidir leis an trádáil sa chaife iad Deimhnithe Tionscnaimh. Dá bhrí sin, gabhann na Comhaltaí is onnmhaireoirí freagracht chucu féin as eisiúint cheart na nDeimhnithe Tionscnaimh a áirithiú.

(3) Aithníonn na Comhaltaí thairis sin go bhfuil faisnéis faoi ath-onnmhairí tábhachtach freisin ar mhaithe le hanailís cheart ar gheilleagar caife an domhain. Geallann na Comhaltaí is allmhaireoirí, dá bhrí sin, faisnéis thráthrialta chruinn a sholáthar maidir le hath-onnmhairí, san fhoirm agus ar an mbealach a chinnfidh an Chomhairle.

## CAIBIDIL IV – BALLRAÍOCHT AGUS CLEAMHNACHT

### AIRTEAGAL 4
**Ballraíocht na hEagraíochta**

(1) Beidh gach Páirtí Conarthach ina Chomhalta aonair den Eagraíocht.

(2) Féadfaidh Comhalta catagóir a bhallraíocht a athrú ar cibé coinníollacha a fhéadfaidh an Chomhairle a aontú.

(3) Aon tagairt sa Chomhaontú seo do Rialtas, forléireofar í mar thagairt a fholaíonn an tAontas Eorpach agus aon eagraíocht idir-rialtasach ag a bhfuil inniúlacht eisiach i leith chaibidlíocht, thabhairt i gcrích agus chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

### AIRTEAGAL 5
**Ballraíocht an ghrúpa**

Féadfaidh dhá Pháirtí Chonarthacha nó níos mó a bheith rannpháirteach san Eagraíocht mar Ghrúpa Comhaltaí, trí fhógra iomchuí a thabhairt don Chomhairle agus don Taiscí, rud lena ngabhfaidh éifeacht an dáta a shonróidh na Páirtithe Conarthacha lena mbaineann agus ar choinníollacha a chomhaontóidh an Chomhairle, lena n-áirítear oibleagáidí airgeadais.

### AIRTEAGAL 6
**Cleamhnacht**

(1) Tá eintiteas de chuid na hEarnála Príobháidí nó na Sochaí Sibhialta incháilithe lena mheas le haghaidh ballraíocht chleamhnachta le cinneadh ón gComhairle.

(2) Eintitis ar mian leo go n-aithneofaí mar Chomhalta Cleamhnachta den Eagraíocht iad, ba cheart dóibh iarratas a a chur faoi bhráid Chathaoirleach na Comhairle, nach mór formhuiniú a fháil ina leith ó Chomhalta sula gcuirfear faoi bhráid an Chathaoirligh é.

(3) Glacfaidh an Chomhairle le hiarratais ar stádas mar Chomhalta Cleamhnachta nó diúltóidh sí iad.

(4) Déanfaidh an Chomhairle athbhreithniú ar stádas na gComhaltaí Cleamhnachta gach bliain chaife.

(5) Leagfaidh an Chomhairle síos nósanna imeachta chun breithmheas a dhéanamh ar iarratais ar stádas mar Chomhalta Cleamhnachta, rud lena gcuirfear san áireamh conas a bhaineann obair an iarratasóra le hobair na hEagraíochta nó conas a ghabhann an obair sin d'obair na hEagraíochta, mar aon le hábharthacht dhíreach na hoibre sin do chuspóirí an Chomhaontaithe seo.

(6) Bíonn an deis ag an Eagraíocht leas a bhaint as sainchomhairle ó Chomhaltaí Cleamhnachta, agus bíonn an deis ag na Comhaltaí Cleamhnachta, dá réir sin, a dtuairimí a chur in iúl agus gabháil d'obair na hEagraíochta.

(7) Leagfaidh an Chomhairle síos sceideal de na ranníocaíochtaí bliantúla atá le híoc ag Comhaltaí Cleamhnachta. Beidh sásra agus bainistiú na ranníocaíochtaí a íocfar i gcomhréir le Rialacha Airgeadais agus Rialacháin Airgeadais na hEagraíochta.

## CAIBIDIL V – AN EAGRAÍOCHT IDIRNÁISIÚNTA CHAIFE

AIRTEAGAL 7

**Suíomh agus struchtúr na hEagraíochta Idirnáisiúnta Caife**

(1) Bunaíodh an Eagraíocht Idirnáisiúnta Chaife faoi Chomhaontú Idirnáisiúnta Caife 1962 agus leanfaidh sí ar marthain chun forálacha an Chomhaontaithe seo a riar agus oibriú an Chomhaontaithe a mhaoirsiú.

(2) Is i Londain, an Ríocht Aontaithe, a bheidh suíomh na hEagraíochta, mura gcinnfidh an Chomhairle a mhalairt.

(3) Is í an Chomhairle an t-údarás is airde atá ag an Eagraíocht. Tabharfaidh an Coiste Airgeadais agus Riaracháin agus an Coiste Eacnamaíochta cúnamh don Chomhairle, de réir mar is iomchuí. Cuirfidh Bord na gComhaltaí Cleamhnachta, Comhdháil Chaife an Domhain agus Meitheal Phríobháideach-Phoiblí an Chaife comhairle ar an gComhairle freisin.

(4) Tacóidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus foireann na hEagraíochta leis an gComhairle.

AIRTEAGAL 8

**Pribhléidí agus díolúintí**

(1) Beidh pearsantacht dhlítheanach ag an Eagraíocht. Beidh inniúlacht chonarthach go háirithe aici maidir le maoin inchorraithe agus le maoin dhochorraithe, chun maoin den sórt sin a fháil agus a dhiúscairt agus chun imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh.

(2) Beidh stádas, pribhléidí agus díolúintí na hEagraíochta, a Stiúrthóra Feidhmiúcháin, a foirne agus a saineolaithe, agus ionadaithe na gComhaltaí, agus iad i gcríoch an stáit óstaigh chun a bhfeidhmeanna a fheidhmiú, faoi rialú Comhaontaithe Ceanncheathrún atá tugtha i gcrích idir an Rialtas óstach agus an Eagraíocht.

(3) Beidh an Comhaontú Ceanncheathrún dá dtagraítear i mír (2) den Airteagal seo neamhspleách ar an gComhaontú seo. Mar sin féin, foirceannfar an Comhaontú sin:

- (a) Trí chomhaontú idir an Rialtas óstach agus an Eagraíocht;
- (b) I gcás ina n-aistreofar ceanncheathrú na hEagraíochta ó chríoch an Rialtais óstaigh; nó
- (c) I gcás ina scoirfidh an Eagraíocht de bheith ann.

(4) Féadfaidh an Eagraíocht comhaontuithe a thabhairt i gcrích le haon Chomhalta amháin eile nó níos mó, ar comhaontuithe iad a bheidh le formheas ag an gComhairle agus a bhainfidh le cibé pribhléidí agus díolúintí a bhféadfaidh gá a bheith leo chun go bhfeidhmeoidh an Comhaontú seo go cuí.

(5) Déanfaidh Rialtais na mBallstát nach iad na Rialtais óstacha iad na saoráidí céanna a dheonú don Eagraíocht i leith srianta airgeadra nó malairte, cuntais bhainc a choinneáil ar bun agus airgead a aistriú, a thugtar do ghníomhaireachtaí speisialaithe na Náisiún Aontaithe.

## CAIBIDIL VI – AN CHOMHAIRLE IDIRNÁISIÚNTA CAIFE

### AIRTEAGAL 9
**Comhdhéanamh na Comhairle Idirnáisiúnta Caife**

(1) Is iad Comhaltaí uile na hEagraíochta a bheidh sa Chomhairle.

(2) Ceapfaidh gach Comhalta ionadaí amháin ar an gComhairle agus, más mian leis é, ionadaí malartach amháin nó níos mó. Féadfaidh Comhalta comhairleoir amháin nó níos mó a ainmniú dá ionadaí nó dá ionadaithe malartacha freisin.

### AIRTEAGAL 10
**Cumhachtaí agus feidhmeanna na Comhairle**

(1) Déanfar na cumhachtaí uile a thugtar go sonrach leis an gComhaontú seo a dhílsiú don Chomhairle, a fheidhmeoidh na feidhmeanna is gá chun forálacha an Chomhaontaithe seo a chomhlíonadh.

(2) Féadfaidh an Chomhairle Coistí agus fochomhlachtaí, de réir mar is cuí, a bhunú agus a dhíscaoileadh, seachas na Coistí agus fochomhlachtaí sin dá bhforáiltear i mír (3) d'Airteagal 7.

(3) Leagfaidh an Chomhairle síos cibé rialacha agus rialacháin, lena n-áirítear a rialacha nós imeachta féin agus rialacháin airgeadais agus foirne na hEagraíochta, lena bhfuil gá chun forálacha an Chomhaontaithe seo a chomhlíonadh agus a bheidh comhsheasmhach leis na forálacha sin. Féadfaidh an Chomhairle, ina rialacha nós imeachta, foráil a dhéanamh maidir leis na modhanna lena bhféadfaidh sí ceisteanna sonracha a chinneadh, gan teacht le chéile.

(4) Leagfaidh an Chomhairle plean gníomhaíochta straitéiseach síos go tráthrialta chun a cuid oibre a threorú agus tosaíochtaí a shainaithint, lena n-áirítear na tosaíochtaí sin a bhaineann le gníomhaíochtaí tionscadail arna ngabháil de láimh de bhun Airteagal 33 agus le staidéir, suirbhéanna agus tuarascálacha arna gabháil de láimh de bhun Airteagal 32. Léireofar na tosaíochtaí a shainaithneofar sa phlean gníomhaíochta i gclár na ngníomhaíochtaí agus sa Bhuiséad Riaracháin a bheidh formheasta ag an gComhairle.

(5) Coimeádfaidh an Chomhairle freisin cibé taifid lena bhfuil gá chun a feidhmeanna a chomhlíonadh faoin gComhaontú seo agus cibé taifid eile is inmhianaithe dar léi.

### AIRTEAGAL 11
**Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach na Comhairle**

(1) Toghfaidh an Chomhairle, le haghaidh gach bliana caife, Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach nach mbeidh á n-íoc ag an Eagraíocht.

(2) Toghfar an Cathaoirleach as measc ionadaithe na gComhaltaí is onnmhaireoirí nó as measc ionadaithe na gComhaltaí is allmhaireoirí agus toghfar an Leas-Chathaoirleach as measc ionadaithe na catagóire eile Comhalta. Malartófar na poist sin gach bliain caife idir an dá chatagóir Comhalta.

(3) Ní bheidh ceart vótála ag an gCathaoirleach ná ag an Leas-Chathaoirleach i gcáil Cathaoirligh dóibh. Déanfaidh a ionadaí nó a hionadaí malartach cearta vótála an Chomhalta a fheidhmiú sa chás sin.

### AIRTEAGAL 12
**Seisiúin na Comhairle**

(1) Tionólfaidh an Chomhairle dhá sheisiún thráthrialta in aghaidh na bliana agus seisiúin ar leith má chinneann sí amhlaidh. Féadfaidh sí seisiúin ar leith a thionól arna iarraidh sin d'aon deichniúr Comhaltaí. Tabharfar fógra faoi sheisiúin 30 lá roimh ré ar a laghad ach amháin i gcásanna éigeandála nuair a thabharfar an fógra sin 10 lá roimh ré ar a laghad.

(2) Tionólfar seisiúin ag suíomh na hEagraíochta, mura gcinnfidh an Chomhairle a mhalairt. Má iarrann Comhalta ar an gComhairle teacht le chéile ina chríoch, agus má chomhaontaíonn an Chomhairle leis, is é an Comhalta sin a sheasfaidh na costais bhreise a bheidh i gceist don Eagraíocht, ar costais bhreise iad ar na costais a thabhaítear agus an seisiún á thionól ag suíomh na hEagraíochta.

(3) Féadfaidh an Chomhairle cuireadh a thabhairt d'aon tír nach Ballstát í nó d'aon cheann de na heagraíochtaí dá dtagraítear in Airteagail 16 agus 17 freastal ar aon cheann dá seisiúin mar bhreathnóir. Ag gach seisiún, cinnfidh an Chomhairle an dtabharfar cead isteach do bhreathnóirí.

(4) An córam a bheidh de dhíth chun go ndéanfar cinntí le linn seisiún Comhairle, sin é líon níos mó ná leath na gComhaltaí is onnmhaireoirí agus is allmhaireoirí a bheith i láthair, ar Comhaltaí iad a bhfuil ar a laghad dhá thrian de na vótaí acu le haghaidh gach catagóire faoi seach. Más rud é nach mbeidh aon chóram ann ar oscailt seisiúin den Chomhairle nó ar oscailt aon chruinniú iomlánach, déanfaidh an Cathaoirleach oscailt an tseisiúin nó an chruinnithe iomlánaigh a chur siar ar feadh 2 uair an chloig ar a laghad. Mura mbeidh aon chóram ann fós

ag an tréimhse nua arna socrú, féadfaidh an Cathaoirleach oscailt an tseisiúin nó an chruinnithe iomlánaigh a chur siar arís ar feadh 2 uair an chloig eile ar a laghad. Mura mbeidh aon chóram ann fós ag deireadh na tréimhse nua sin ar cuireadh an oscailt siar lena linn, cuirfear an t-ábhar ar gá cinntí a dhéanamh ina leith siar go dtí an chéad seisiún eile den Chomhairle.

## AIRTEAGAL 13
## **Vótaí**

(1) Beidh 1 000 vóta ag na Comhaltaí is onnmhaireoirí in éineacht le chéile agus beidh 1 000 vóta ag na Comhaltaí is allmhaireoirí in éineacht le chéile, arna ndáileadh laistigh de gach catagóir Comhaltaí mar a fhoráiltear sna míreanna seo a leanas den Airteagal seo.

(2) Beidh cúig bhunvóta ag gach Comhalta.

(3) Déanfar na vótaí a bheidh fágtha de vótaí na gComhaltaí is onnmhaireoirí a roinnt i measc na gComhaltaí sin mar a leanas: 50 faoin gcéad i gcomhréir le meánmhéid a n-onnmhairí caife faoi seach; agus 50 faoin gcéad i gcomhréir le meánluach a n-onnmhairí caife faoi seach.

(4) Déanfar na vótaí a bheidh fágtha de vótaí na gComhaltaí is allmhaireoirí a roinnt i measc na gComhaltaí sin mar a leanas: 50 faoin gcéad i gcomhréir le meánmhéid a n-allmhairí caife faoi seach; agus 50 faoin gcéad i gcomhréir le meánluach a n-allmhairí caife faoi seach.

(5) Is mar Chomhalta aonair a bheidh vótaí ag an Aontas Eorpach nó ag aon eagraíocht idir-rialtasach mar a shainmhínítear i mír (3) d'Airteagal 4. Beidh cúig bhunvóta agus vóta breise aige nó aici de réir mheánmhéid agus mheánluach a allmhairí nó a onnmhairí caife. Má dhéantar é a chatagóiriú mar Chomhalta is onnmhaireoir, i gcomhréir le mír (7) d'Airteagal 2, ríomhfar a vótaí i gcomhréir le mír (3) den Airteagal seo. Má dhéantar é a chatagóiriú mar Chomhalta is allmhaireoir, i gcomhréir le mír (8) d'Airteagal 2, ríomhfar a vótaí i gcomhréir le mír (4) den Airteagal seo.

(6) Chun críocha an Airteagail seo, forléireofar onnmhairí agus allmhairí caife mar thagairtí do loingsithe d'aon áit tionscnaimh agus chuig aon cheann scríbe, faoi seach, sna 4 bliana féilire roimhe sin.

(7) Chun críocha an Airteagail seo, i gcás an Aontais Eorpaigh nó aon eagraíocht idir-rialtasach mar a shainmhínítear i mír (3) d'Airteagal 4, forléireofar onnmhairí mar onnmhairí a fholaíonn suim na n-onnmhairí chuig na cinn scríbe uile, lena n-áirítear laistigh den cheann scríbe féin, agus áireofar ar allmhairí suim na n-allmhairí ó na háiteanna tionscnaimh uile, lena n-áirítear laistigh den cheann scríbe féin.

(8) Cinnfidh an Chomhairle dáileadh na vótaí i gcomhréir le forálacha an Airteagail seo ag tús gach bliana caife agus fanfaidh an dáileadh sin i bhfeidhm le linn na bliana sin, ach amháin mar a fhoráiltear i mír (9) den Airteagal seo.

(9) Forálfaidh an Chomhairle maidir leis na vótaí a athdháileadh i gcomhréir le forálacha an Airteagail seo cibé uair a thiocfaidh athrú ar bhallraíocht na hEagraíochta nó má chuirtear cearta vótála Comhalta ar fionraí nó má fhaightear ar ais iad faoi fhorálacha Airteagal 22.

(10) Ní bheidh dhá thrian nó níos mó de na vótaí ina chatagóir ag aon Chomhalta.

(11) Ní bheidh aon vóta codánach ann.

## AIRTEAGAL 14
## Nós imeachta vótála na Comhairle

(1) Beidh gach Comhalta i dteideal an líon vótaí atá aige a chaitheamh agus ní bheidh sé i dteideal a vótaí a roinnt. Mar sin féin, is ceadmhach do Chomhalta aon vóta, a bheidh aige faoi fhorálacha mhír (2) den Airteagal seo, a chaitheamh ar dhóigh difriúil.

(2) Is ceadmhach d'aon Chomhalta is onnmhaireoir údarú i scríbhinn a thabhairt d'aon Chomhalta eile is onnmhaireoir, agus is ceadmhach d'aon Chomhalta eile is allmhaireoir údarú i scríbhinn a thabhairt d'aon Chomhalta eile is allmhaireoir, ionadaíocht a dhéanamh ar a leasanna agus a cheart vótála a fheidhmiú ag aon chruinniú nó cruinnithe den Chomhairle.

## AIRTEAGAL 15
## Cinntí ón gComhairle

(1) Féachfaidh an Chomhairle leis na cinntí uile a dhéanamh agus na moltaí uile a dhéanamh de chomhthoil. Mura féidir comhthoil a bhaint amach, déanfaidh an Chomhairle cinntí agus moltaí trí thromlach 70 faoin gcéad nó níos mó a fháil de vótaí dáilte na gComhaltaí is onnmhaireoirí, atá i láthair agus ag vótáil, agus 70 faoin gcéad nó níos mó de Chomhaltaí is allmhaireoirí, atá i láthair agus ag vótáil, arna gcomhaireamh ar leithligh.

(2) Beidh feidhm ag an nós imeachta seo a leanas i ndáil le haon chinneadh ón gComhairle a dhéanfar trí tromlach de na vótaí dáilte:

(a) Mura bhfaighfear tromlach de na vótaí dáilte mar gheall ar an vóta diúltach ó thriúr comhaltaí is onnmhaireoirí nó níos lú nó ó thriúr Comhaltaí is allmhaireoirí nó níos lú, déanfar vótáil ar an togra arís laistigh de 48 n-uair an chloig, má chinneann an Chomhairle amhlaidh trí thromlach na gComhaltaí a

bheidh i láthair; agus

(b) Más amhlaidh arís nach bhfaightear tromlach de na vótaí dáilte, measfar nach bhfuil an togra formheasta.

(3) Tá na Comhaltaí tiomanta do ghlacadh le cinntí uile na Comhairle mar chinntí ceangailteacha faoi fhorálacha an Chomhaontaithe seo.

AIRTEAGAL 16

**Comhar le heagraíochtaí eile**

(1) Féadfaidh an Chomhairle socruithe a dhéanamh le haghaidh comhairliúcháin agus comhar leis na Náisiúin Aontaithe agus lena ghníomhaireachtaí speisialaithe; le heagraíochtaí idir-rialtasacha iomchuí eile; agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha ábhartha. Bainfidh sé leas iomlán as foinsí éagsúla cistiúcháin. Ar na socruithe sin d'fhéadfaí socruithe airgeadais a áireamh ar iomchuí iad dar leis an gComhairle chun cuspóirí an Chomhaontaithe seo a bhaint amach. Mar sin féin, i leith chur chun feidhme aon tionscadail faoi shocruithe den sórt sin, ní thabhóidh an Eagraíocht aon oibleagáid airgeadais le haghaidh ráthaíochtaí a thabharfaidh Comhaltaí aonair nó eintitis eile. Ní bheidh aon Chomhalta ar bith freagrach, mar gheall ar a bhallraíocht den Eagraíocht, as aon dliteanas a bheidh ann de thoradh iasachtaí arna bhfáil nó arna dtabhairt ag aon Chomhalta nó eintiteas eile i dtaca le tionscadail den sórt sin.

(2) I gcás inar féidir, féadfaidh an Eagraíocht faisnéis a bhailiú freisin ó Chomhaltaí, ó eintitis nach comhaltaí iad, agus ó ghníomhaireachtaí is deontóirí agus ó ghníomhaireachtaí eile, ar faisnéis í a bhaineann le tionscadail agus cláir forbartha lena ndírítear ar earnáil an chaife. I gcás inarb iomchuí, agus le comhaontú ó na páirtithe lena mbaineann, féadfaidh an Eagraíocht an fhaisnéis sin a chur ar fáil do na heagraíochtaí eile den sórt sin agus do na Comhaltaí chomh maith.

AIRTEAGAL 17

**Comhar le**
**heagraíochtaí neamhrialtasacha**

Agus cuspóirí an Chomhaontaithe seo á saothrú aici, féadfaidh an Eagraíocht, gan dochar d'fhorálacha Airteagail 16, 34, 35 agus 37, gníomhaíochtaí comhair a bhunú agus a neartú le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus seachbhrabúsacha iomchuí a bhfuil saineolas acu ar ghnéithe ábhartha d'earnáil an chaife agus le saineolaithe eile in ábhair chaife.

## CAIBIDIL VII – AN STIÚRTHÓIR FEIDHMIÚCHÁIN AGUS AN FHOIREANN

### AIRTEAGAL 18
**An Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus an fhoireann**

(1) Ceapfaidh an Chomhairle an Stiúrthóir Feidhmiúcháin. Is í an Chomhairle a bhunóidh téarmaí ceapacháin an Stiúrthóra Feidhmiúcháin agus beidh siad inchomparáide leis na téarmaí sin a bhfuil feidhm acu maidir le hoifigigh chomhfhreagracha in eagraíochtaí idir-rialtasacha comhchosúla.

(2) Is é an Stiúrthóir Feidhmiúcháin príomhoifigeach riaracháin na hEagraíochta agus beidh sé freagrach as aon dualgas a thitfidh air nó uirthi i riar an Chomhaontaithe seo a chomhlíonadh.

(3) Ceapfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin foireann na hEagraíochta i gcomhréir le rialachán atá leagtha síos ag an gComhairle.

(4) Ní bheidh aon leas airgeadais ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ná ag aon duine den fhoireann i dtionscal an chaife, i dtrádáil an chaife ná in iompar an chaife.

(5) Agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu, ní iarrfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ná an fhoireann treoracha ó aon Chomhalta ná ó aon údarás eile lasmuigh den Eagraíocht ná ní bhfaighidh siad treoracha uathu. Staonfaidh siad ó aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh a bheith ina léiriú ar a bpost mar oifigigh idirnáisiúnta atá freagrach don Eagraíocht agus di sin amháin. Geallann gach Comhalta go urramóidh sé idirnáisiúnachas na bhfreagrachtaí atá ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus ar an bhfoireann, gur freagrachtaí idirnáisiúnta agus é sin amháin atá iontu, agus nach bhféachfaidh sé le tionchar a oibriú orthu sin i gcomhlíonadh a bhfreagrachtaí acu.

## CAIBIDIL VIII – AIRGEADAS AGUS RIARACHÁN

### AIRTEAGAL 19
**An Coiste Airgeadais agus Riaracháin**

Bunófar Coiste um Airgeadas agus um Riarachán. Cinnfidh an Chomhairle comhdhéanamh agus sainordú an Choiste. Beidh an Coiste sin freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar ullmhú Bhuiséad Riaracháin na hEagraíochta a chuirfear faoi bhráid na Comhairle lena fhormheas, agus as aon chúram eile a shannfaidh an Chomhairle dó a chomhlíonadh, lena n-áireofar faireachán a dhéanamh ar ioncam agus ar chaiteachas agus ar ábhair a bhaineann le riar na hEagraíochta. Tuairisceoidh an Coiste Airgeadais agus Riaracháin ar a chuid imeachtaí don Chomhairle.

### AIRTEAGAL 20
**Airgeadas**

(1) Speansais na dtoscaireachtaí chuig an gComhairle agus na n-ionadaithe ar aon cheann de choistí na Comhairle, is iad a Rialtais féin a sheasfaidh na speansais sin.

(2) Íocfar as na speansais eile is gá chun an Comhaontú seo a riar trí ranníocaíochtaí bliantúla ó Chomhaltaí a ndéanfar measúnú orthu i gcomhréir le forálacha Airteagal 21, mar aon le hioncam ó dhíolacháin seirbhísí sonracha le Comhaltaí agus ó dhíol na faisnéise agus na staidéar arna nginiúint faoi fhorálacha Airteagail 30 agus 32.

(3) Beidh bliain airgeadais na hEagraíochta mar an gcéanna le bliain an chaife.

### AIRTEAGAL 21
**An Buiséad Riaracháin a chinneadh agus measúnú a dhéanamh ar ranníocaíochtaí**

(1) Le linn an dara leath de gach bliain airgeadais, formheasfaidh an Chomhairle Buiséad Riaracháin na hEagraíochta le haghaidh na bliana airgeadais ina dhiaidh sin agus déanfaidh sí measúnú ar ranníocaíocht gach Comhalta leis an mBuiséad sin. Ullmhóidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin Dréachtbhuiséad Riaracháin faoi mhaoirseacht an Choiste Airgeadais agus Riaracháin i gcomhréir le forálacha Airteagal 19.

(2) Déanfar ranníocaíocht gach Comhalta leis an mBuiséad Riaracháin le haghaidh gach bliain airgeadais a ríomh mar a leanas: i) 50 faoin gcéad bunaithe ar mheánluach na trádála iomláine agus ii) 50 faoin gcéad bunaithe ar mheánmhéid na trádála iomláine sna 4 bliana féilire roimhe sin. Chun críoch an Airteagail seo, tagraíonn 'trádáil iomlán' anseo do shuim na n-allmhairí agus na n-onnmhairí iomlána tráth a fhormheastar an Buiséad Riaracháin le haghaidh na bliana airgeadais sin. Agus ranníocaíochtaí á gcinneadh, ríomhfar ranníocaíocht gach Comhalta gan beann ar fhionraí na gceart vótála ag aon Chomhalta ná ar aon athdháileadh vótaí dá thoradh sin. Mar sin féin, ní bheidh feidhm ag an ríomh réamhráite maidir le Comhaltaí ar cuireadh a mballraíocht ar fionraí i gcomhréir le mír (4) d'Airteagal 22, agus athdháilfear a ranníocaíochtaí i measc na gComhaltaí eile le haghaidh na bliana airgeadais sin amháin.

(3) An ranníocaíocht tosaigh ó aon Chomhalta a thiocfaidh isteach san Eagraíocht tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo mar a fhoráiltear in Airteagal 46, déanfaidh an Chomhairle measúnú uirthi de réir mhír (2) d'Airteagal 21 ar bhonn na tréimhse a bheidh fágtha sa bhliain airgeadais reatha, ach ní athrófar na measúnuithe a rinneadh ar Chomhaltaí eile le haghaidh na bliana airgeadais reatha.

(4) Déanfaidh gach Comhalta ranníocaíocht íosta 0,25 faoin gcéad den Bhuiséad Riaracháin iomlán le haghaidh gach bliana airgeadais.

(5) Comhaltaí arb é atá ina meántrádáil iomlán caife sciar níos lú ná 0,25 faoin gcéad de shuim mheántrádáil iomlán na gComhaltaí uile ó thaobh méide agus luacha de, ní bheidh siad faoi réir ach na ranníocaíochta íosta dá dtagraítear i mír (4) thuas.

(6) An chuid a bheidh fágtha de ranníocaíocht na gComhaltaí, roinnfear i measc na gComhaltaí uile í, cé is moite díobh siúd i mír (5) thuas, mar a leanas: 50 faoin gcéad i gcomhréir le meánmhéid a dtrádála iomláine caife; agus 50 faoin gcéad i gcomhréir le meánluach a gcuid trádála iomlán caife.

(7) Chun críocha an Airteagail seo, forléireofar onnmhairí agus allmhairí caife mar thagairtí do loingsithe d'aon áit tionscnaimh agus chuig aon cheann scríbe, faoi seach, sna 4 bliana féilire roimhe sin.

(8) Chun críocha an Airteagail seo, i gcás an Aontais Eorpaigh nó aon eagraíocht idir-rialtasach mar a shainmhínítear i mír (3) d'Airteagal 4, forléireofar onnmhairí mar onnmhairí a fholaíonn suim na n-onnmhairí chuig na cinn scríbe uile, lena n-áirítear laistigh den cheann scríbe féin, agus áireofar ar allmhairí suim na n-allmhairí ó na háiteanna tionscnaimh uile, lena n-áirítear laistigh den cheann scríbe féin.

## AIRTEAGAL 22
**Ranníocaíochtaí a íoc**

(1) Beidh ranníocaíochtaí leis an mBuiséad Riaracháin le haghaidh gach bliain airgeadais iníoctha in airgeadra atá inmhalartaithe go héasca agus beidh siad dlite ar an gcéad lá den bhliain airgeadais sin.

(2) Má mhainníonn aon Chomhalta a ranníocaíocht iomlán leis an mBuiséad Riaracháin a íoc laistigh de 6 mhí ón dáta a bheidh an ranníocaíocht dlite, cuirfear a chearta vótála agus a cheart chun bheith rannpháirteach i gcruinnithe coistí speisialaithe ar fionraí go dtí go mbeidh a ranníocaíocht íoctha go hiomlán. Mar sin féin, mura gcinnfidh an Chomhairle amhlaidh, ní bhainfear aon cheann dá chearta eile den Chomhalta sin ná ní scaoilfear ó aon cheann dá oibleagáidí faoin gComhaontú seo é.

(3) Aon Chomhalta ar cuireadh a chearta vótála ar fionraí faoi fhorálacha mhír (2) den Airteagal seo, leanfaidh sé, dá ainneoin sin, de bheith freagrach as a ranníocaíocht a íoc.

(4) Aon Chomhalta a mbeidh riaráistí leanúnacha aige ar feadh tréimhse níos faide ná 21 mhí agus a ranníocaíochtaí gan íoc, cuirfidh an Chomhairle a bhallraíocht ar fionraí go sealadach trí chinneadh. Maidir le Comhalta a cuireadh ar fionraí go sealadach, scaoilfear óna oibleagáidí ranníoc le Buiséad Riaracháin na hEagraíochta ach leanfaidh sé de bheith faoi dhliteanas aon cheann eile dá oibleagáidí airgeadais faoin gComhaontú seo a chomhlíonadh. Ar na ranníocaíochtaí a bhí gan íoc aige a bheith íoctha go hiomlán nó ar phlean aisíocaíochta a bheith formheasta ag an gComhairle, gheobhaidh an Comhalta sin an ceart ballraíochta ar ais. Déanfar íocaíochtaí arna ndéanamh ag Comhaltaí atá i riaráiste a chur chun sochair ar dtús don ranníocaíocht uathu atá gan íoc ar feadh na tréimhse is faide.

## AIRTEAGAL 23
**Dliteanais**

(1) Ní bheidh sé de chumhacht ag an Eagraíocht, ag feidhmiú di mar a shonraítear i mír (3) d'Airteagal 7, aon oibleagáid a thabhú lasmuigh de raon feidhme an Chomhaontaithe seo, agus ní mheasfar í a bheith údaraithe ag na Comhaltaí déanamh amhlaidh; go háirithe, ní bheidh an inniúlacht ag an Eagraíocht airgead a fháil ar iasacht. I bhfeidhmiú a hinniúlachta conarthaí di, déanfaidh an Eagraíocht téarmaí an Airteagail seo a chorprú ina cuid conarthaí ar shlí a gcuirfear ar a súile iad do na páirtithe eile a dhéanfaidh conarthaí leis an Eagraíocht, ach ní dhéanfar conradh den sórt sin neamhbhailí ná ní fhágfar gur conradh *ultra vires* atá ann de dheasca aon mhainneachtain téarmaí den sórt sin a chorprú.

(2) Tá dliteanas Comhalta teoranta do mhéid a oibleagáidí maidir le ranníocaíochtaí dá bhforáiltear go sonrach sa Chomhaontú seo. Maidir le tríú páirtithe a bheidh ag déileáil leis an Eagraíocht, measfar fógra a bheith tugtha dóibh faoi fhorálacha an Chomhaontaithe seo maidir le dliteanais na gComhaltaí.

AIRTEAGAL 24

**Cuntais a iniúchadh agus a fhoilsiú**

A luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais, ullmhófar ráiteas iniúchta neamhspleách ar shócmhainní, dliteanais, ioncam agus caiteachas na hEagraíochta le linn na bliana airgeadais sin. Cuirfear an ráiteas sin faoi bhráid na Comhairle lena fhormheas ag an seisiún is túisce a bheidh ann ina dhiaidh sin.

## CAIBIDIL IX – EACNAMAÍOCHT

### AIRTEAGAL 25
**An Coiste Eacnamaíochta**

Bunófar Coiste Eacnamaíochta, a bheidh freagrach as ábhair a bhaineann leis na nithe seo a leanas: cur chun cinn agus forbairt an mhargaidh; trédhearcacht margaidh, faisnéis staidrimh, staidéir agus suirbhéanna; tionscadail; forbairt inbhuanaithe; agus maoiniú earnáil an chaife. Cinnfidh an Chomhairle comhdhéanamh agus sainordú an Choiste Eacnamaíochta, sa bhreis ar an méid a leagtar amach in Airteagail 33 agus 38.

### AIRTEAGAL 26
**Deireadh a chur le bacainní trádála agus tomhaltais**

(1) Aithníonn na Comhaltaí gur gá an slabhra soláthair a dhéanamh níos éifeachtúla agus deireadh a chur leis na bacainní atá ann faoi láthair agus bacainní nua a sheachaint, a d’fhéadfadh bac a chur ar tháirgeadh, ar thrádáil agus ar thomhaltas an chaife.

(2) Ba cheart do Chomhalta a earnáil caife a rialáil chun cuspóirí beartais náisiúnta sláinte, comhshaoil agus um ioncam maireachtála a chomhlíonadh, i gcomhréir lena ghealltanais agus lena oibleagáidí faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta agus le SFInna na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear na Spriocanna siúd a bhaineann le trádáil idirnáisiúnta agus réigiúnach.

(3) Aithníonn na Comhaltaí go bhfuil bearta ann faoi láthair a d’fhéadfadh bac a chur, a bheag nó a mhór, ar an méadú ar thomhaltas an chaife, go háirithe:

(a) Socruithe allmhairiúcháin is infheidhme maidir le caife, lena n-áirítear taraifí fabhracha agus taraifí eile, cuótaí, oibríochtaí monaplachtaí rialtais agus gníomhaireachtaí oifigiúla ceannacháin, agus rialacha riaracháin agus cleachtais tráchtála eile;

(b) Socruithe onnmhairiúcháin a mhéid a bhaineann le fóirdheontais dhíreacha nó indíreacha agus rialacha riaracháin agus cleachtais tráchtála eile; agus

(c) Coinníollacha trádála inmheánaí agus forálacha dlíthiúla agus riaracháin intíre agus réigiúnacha a d’fhéadfadh difear a dhéanamh don tomhaltas nó a d’fhéadfadh an slabhra soláthair a dhéanamh neamhéifeachtúil.

(4) Ag féachaint do na cuspóirí a shonraítear thuas agus d’fhorálacha mhír (5) den Airteagal seo, féachfaidh na Comhaltaí le laghduithe taraife a shaothrú maidir le caife agus le gníomhaíocht eile a dhéanamh chun deireadh a chur le bacainní ar thomhaltas méadaithe.
(5) Agus a leas frithpháirteach á chur san áireamh, geallann na Comhaltaí bealaí agus modhanna a lorg trína bhféadfar na bacainní ar thrádáil mhéadaithe agus ar thomhaltas méadaithe dá dtagraítear i mír (3) den Airteagal seo a laghdú go céimnitheach agus, ar deireadh, i ngach cás inar féidir é, iad a dhíchur, nó trína bhféadfar éifeachtaí na mbacainní sin a laghdú go substaintiúil.

(6) Agus a leas frithpháirteach á chur san áireamh, geallann na Comhaltaí bealaí a lorg chun an luaineacht praghsanna a mhaolú trí rialacháin iomchuí.

(7) Agus aon ghealltanas a gabhadh de láimh faoi fhorálacha mhír (5) den Airteagal seo á chur san áireamh, cuirfidh na Comhaltaí in iúl don Chomhairle go bliantúil na bearta uile a glacadh d’fhonn forálacha an Airteagail seo a chur chun feidhme.

(8) Ullmhóidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin suirbhé go bliantúil, agus scaipfidh sé ar na Comhaltaí uile é, ar suirbhé é a dhéanfar ar bhacainní trádála agus tomhaltais a bhaineann le caife, agus ar an saobhadh margaidh chomh maith, ar cúis é leis an luaineacht praghsanna agus ag a bhfuil tionchar ar an ioncam maireachtála agus rathúil nó ar an dáileadh luacha, go háirithe i gcás feirmeoirí caife agus táirgeoirí eile, agus beidh an suirbhé sin le hathbhreithniú ag an gComhairle.

(9) Féadfaidh an Chomhairle, chun cuspóirí an Airteagail seo a chur ar aghaidh, moltaí a chur faoi bhráid na gComhaltaí, agus tuairisceoidh na Comhaltaí don Chomhairle, a luaithe is féidir, ar na bearta a glacadh d’fhonn na moltaí sin a chur chun feidhme.

## AIRTEAGAL 27
## **Cur chun cinn agus forbairt an mhargaidh**

(1) Aithníonn Comhaltaí na buntáistí atá ann, do Chomhaltaí is onnmhaireoirí agus do Chomhaltaí is allmhaireoirí freisin, de thoradh iarrachtaí chun an tomhaltas a chur chun cinn, feabhas a chur ar cháilíocht an táirge, agus margaí le haghaidh caife a fhorbairt, lena n-áirítear i gComhaltaí is onnmhaireoirí.

(2) D’fhéadfaí na nithe seo a leanas a áireamh ar ghníomhaíochtaí cur chun cinn agus forbartha margaidh: feachtais faisnéise agus cur chun cinn, taighde, fothú acmhainneachta

agus staidéir a bhaineann le táirgeadh agus tomhaltas an chaife lena n-áirítear an Lá Idirnáisiúnta Caife.

(3) D’fhéadfaí gníomhaíochtaí den sórt sin a áireamh sa chlár gníomhaíochtaí nó i measc ghníomhaíochtaí tionscadail na hEagraíochta dá dtagraítear in Airteagal 33 agus féadfar iad a mhaoiniú trí ranníocaíochtaí deonacha ó Chomhaltaí, ó eintitis nach comhaltaí iad, ó eagraíochtaí eile agus ón Earnáil Phríobháideach.

## AIRTEAGAL 28
## **Bearta a bhaineann le caife próiseáilte**

Aithníonn na Comhaltaí gur gá do thíortha i mbéal forbartha bonn a ngeilleagar a leathnú tríd, *inter alia,* an tionsclú agus onnmhairiú na dtáirgí monaraithe, lena n-áirítear caife a phróiseáil agus caife próiseáilte a onnmhairiú, dá dtagraítear i bhfo-mhíreanna (d), (e), (f), (g) agus (h) de mhír (1) d’Airteagal 2. I dtaca leis sin, ba cheart do na Comhaltaí seachaint go nglacfar bearta rialtais a d’fhéadfadh cur isteach ar earnáil caife na gComhaltaí eile.

## AIRTEAGAL 29
## **Meascáin agus ionadaigh**

(1) Ní choinneoidh na Comhaltaí aon rialachán ar bun lena gceanglaítear táirgí eile a mheascadh, a phróiseáil nó a úsáid le caife lena n-athdhíol ar bhonn tráchtála mar chaife. Féachfaidh na Comhaltaí le díolachán agus fógraíocht na dtáirgí faoin ainm caife a thoirmeasc más lú ná coibhéis 95 faoin gcéad de chaife amh atá sna táirgí sin mar an amhábhar bunúsach. Mar sin féin, ní bheidh feidhm ag an mír sin maidir le caife réamh-mheasctha dá bhforáiltear i bhfomhír (h) de mhír (1) d’Airteagal 2.

(2) Cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin tuarascáil thréimhsiúil faoi bhráid na Comhairle maidir le comhlíonadh fhorálacha an Airteagail sin.

## AIRTEAGAL 30
## **Faisnéis staidrimh**

(1) Feidhmíonn an eagraíocht mar lárionad chun na nithe seo a leanas a bhailiú, a mhalartú agus a fhoilsiú:

(a) Faisnéis staidrimh maidir le táirgeadh, praghsanna, onnmhairí, allmhairí agus ath-onnmhairí, dáileadh agus tomhaltas caife an domhain, lena n-áirítear faisnéis maidir le táirgeadh, tomhaltas, trádáil agus praghsanna le haghaidh caifí i gcatagóirí difriúla margaidh, i gcás inarb indéanta de réir an chineáil caife, agus táirgí ina bhfuil caife; agus

(b) Faisnéis theicniúil maidir le saothrú, costais táirgthe, próiseáil agus úsáid an chaife, a mhéid a mheastar a bheith iomchuí.

(2) Féadfaidh an Chomhairle é a chur de cheangal ar Chomhaltaí cibé faisnéis a thabhairt lena bhfuil gá le haghaidh a hoibríochtaí dar léi, lena n-áirítear tuarascálacha tráthrialta staidrimh ar tháirgeadh an chaife, chomh maith le treochtaí táirgeachta, onnmhairí, allmhairí agus ath-onnmhairí, dáileadh, tomhaltas, stoic, praghsanna agus cánachas ina leith, ach ní fhoilseofar aon fhaisnéis lena bhféadfaí oibríochtaí daoine nó cuideachtaí a tháirgeann, a phróiseálann nó a mhargaíonn caife a shainaithint. Déanfaidh na Comhaltaí, a mhéid is féidir, faisnéis arna hiarraidh a thabhairt ar mhodh lena ngabhfaidh an oiread mionsonraí agus a bheidh chomh tráthúil agus chomh cruinn agus is indéanta.

(3) Bunóidh an Chomhairle córas praghsanna táscacha agus déanfaidh sí foráil maidir le praghas táscach ilchodach laethúil a fhoilsiú ar cheart dó dálaí iarbhír an mhargaidh a léiriú.

(4) Má mhainníonn Comhalta faisnéis staidrimh agus faisnéis eile a sholáthar nó más deacair leis í a sholáthar laistigh den tráthchlár atá leagtha síos ag an gComhairle, ar faisnéis í atá de dhíth ar an Eagraíocht chun go bhfeidhmeoidh sí mar is cuí, féadfaidh an Chomhairle é a chur de cheangal ar an gComhalta lena mbaineann míniú a thabhairt ar na cúiseanna atá leis an neamh-chomhlíonadh. Féadfaidh an Comhalta an Chomhairle a chur ar an eolas freisin faoina dheacracht agus cúnamh teicniúil a iarraidh.

(5) Má chinntear go bhfuil gá le cúnamh teicniúil sa cheist, nó murar thug Comhalta, ar feadh 2 bhliain as a chéile, an fhaisnéis staidrimh a cheanglaítear faoi mhír (2) den Airteagal seo agus murar iarr sé cúnamh ón gComhairle nó murar mhínigh sé na cúiseanna leis an neamhchomhlíonadh, féadfaidh an Chomhairle tionscnaimh a dhéanamh ar dócha go dtabharfadh siad ar an gComhalta sin an fhaisnéis is gá a thabhairt.

## AIRTEAGAL 31
**Deimhnithe Tionscnaimh**

(1) Chun bailiú staitisticí maidir le trádáil idirnáisiúnta an chaife a éascú agus chun na cainníochtaí caife atá onnmhairithe ag gach Comhalta is onnmhaireoir a fháil amach, bunóidh an Eagraíocht córas Deimhnithe Tionscnaimh, faoi rialú rialacha arna bhformheas ag an gComhairle.

(2) Cumhdófar gach onnmhaire caife ó Chomhalta is onnmhaireoir le Deimhniú Tionscnaimh bailí. Is iad na gníomhaireachtaí cáilithe arna roghnú ag an gComhalta agus arna bhformheas ag an Eagraíocht a eiseoidh na Deimhnithe Tionscnaimh, i gcomhréir leis na rialacha atá leagtha síos ag an gComhairle. Déanfaidh an Eagraíocht athbhreithniú tréimhsiúil freisin ar an bhfaisnéis atá sa Deimhniú Tionscnaimh i bhfianaise athruithe a thagann ar dhálaí tomhaltais agus trádála idirnáisiúnta.

(3) Tabharfaidh gach Comhalta is onnmhaireoir fógra don Eagraíocht faoi na gníomhaireachtaí rialtais nó neamh-rialtasacha atá freagrach as na feidhmeanna a shonraítear i mír (2) den Airteagal seo a chomhlíonadh. Déanfaidh an Eagraíocht gníomhaireacht neamhrialtasach a fhormheas go sonrach i gcomhréir leis na rialacha arna bhformheas ag an gComhairle.

(4) Féadfaidh Comhalta is onnmhaireoir, ar bhonn eisceachtúil agus údar cuí leis, iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle lena formheas, ar chead a thabhairt sonraí a chuirtear in iúl i nDeimhnithe Tionscnaimh agus a bhaineann lena onnmhairí caife, a tharchur chuig an Eagraíocht trí mhodh malartach a úsáid.

## AIRTEAGAL 32
**Staidéir, suirbhéanna agus tuarascálacha**

(1) Chun cúnamh a thabhairt do na Comhaltaí, cuirfidh an Eagraíocht chun cinn an t-ullmhú staidéar, suirbhéanna, tuarascálacha teicniúla agus doiciméad eile a bhaineann le gnéithe ábhartha d’earnáil an chaife.

(2) Ar na nithe a d’fhéadfaí a áireamh orthu sin tá sin obair ar eacnamaíocht tháirgeadh agus dháileadh an chaife, anailís ar shlabhra luacha an chaife, tionchar an athraithe aeráide, cuir chuige i leith rioscaí airgeadais agus cineálacha eile rioscaí a bhainistiú, tionchar na mbeartas rialtais ar tháirgeadh agus ar thomhaltas an chaife, gnéithe inbhuanaitheachta earnáil an chaife, naisc idir caife agus an tsláinte agus na deiseanna chun margaí caife a

leathnú le haghaidh úsáidí traidisiúnta agus neamhthraidisiúnta chomh maith le topaicí eile a d'fhéadfadh a bheith ábhartha dar leis an gComhairle.

(3) D'fhéadfaí an méid seo a leanas a áireamh freisin ar an bhfaisnéis a bhailítear, a thiomsaítear, a ndéantar anailís uirthi agus a scaiptear, i gcás inar indéanta go teicniúil é:

(a) Cainníochtaí agus praghsanna caife a bhaineann le tosca amhail limistéir gheografacha dhifriúla, teaghlaigh agus pobail áitiúla dhifriúla agus dálaí táirgthe difriúla;

(b) Faisnéis maidir le struchtúir mhargaidh, margaí nideoige agus treochtaí atá ag teacht chun cinn sa táirgeadh agus sa tomhaltas; agus

(c) Staidéir a bhaineann leis an dul chun cinn maidir le hioncam maireachtála agus rathúil.

(4) Chun forálacha mhír (1) den Airteagal seo a chomhlíonadh, cuimhneoidh an Chomhairle ar na staidéir, na suirbhéanna agus na tuarascálacha sin a áireamh sa chlár bliantúil gníomhaíochtaí, in éineacht le meastacháin ar na riachtanais acmhainní a bheidh ann, agus aird ar leith á tabhairt ar fheirmeoirí ar mionscála agus ar meánscála agus ar tháirgeoirí eile. Maoineofar na gníomhaíochtaí sin ó sholáthairtí laistigh den Bhuiséad Riaracháin nó ó fhoinsí seachbhuiséadacha.

(5) Leagfaidh an Eagraíocht béim ar leith ar an rochtain ar fhaisnéis a éascú d'fheirmeoirí ar mionscála agus ar meánscála agus do tháirgeoirí eile chun cúnamh a thabhairt dóibh feabhas a chur ar a n-inbhuanaitheacht, a dtáirgiúlacht agus a bhfeidhmíocht airgeadais, lena n-áirítear creidmheas agus rioscaí a bhainistiú.

## CAIBIDIL X – GNÍOMHAÍOCHTAÍ TIONSCADAIL NA hEAGRAÍOCHTA

### AIRTEAGAL 33
**Tionscadail a fhorbairt agus a chistiú**

(1) Féadfaidh na Comhaltaí agus an Stiúrthóir Feidhmiúcháin tograí tionscadail a chur faoi bhráid na Comhairle tríd an gCoiste Eacnamaíochta. Ba cheart na tograí sin a bheith ina rannchuidiú le cuspóirí an Chomhaontaithe seo a bhaint amach mar aon le ceann amháin nó níos mó de na réimsí tosaíochta le haghaidh oibre a shainaithnítear sa phlean gníomhaíochta straitéiseach agus sa chlár bliantúil gníomhaíochtaí arna bhformheas ag an gComhairle de bhun Airteagal 10.

(2) Bunóidh an Chomhairle nósanna imeachta agus sásraí maidir le tionscadail a chur isteach, breithmheas a dhéanamh orthu, iad a fhormheas, a chur in ord tosaíochta agus a chistiú, agus maidir le tionscadail a chur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu, agus le torthaí a scaipeadh go forleathan. Beidh an Coiste Eacnamaíochta freagrach as na nósanna imeachta agus na sásraí sin a chomhlíonadh agus as moltaí a chur faoi bhráid na Comhairle.

(3) Ag gach seisiún den Chomhairle, tuairisceoidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar stádas na dtionscadal uile arna bhformheas ag an gComhairle, lena n-áirítear na tionscadail sin atá ag feitheamh ar mhaoiniú, atá á gcur chun feidhme, nó atá tugtha i gcrích ó bhí an seisiún deireanach den Chomhairle ann.

(4) Féachfaidh an Eagraíocht le dul i gcomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile, le hinstitiúidí airgeadais, le gníomhaireachtaí forbraíochta iltaobhacha agus déthaobhacha agus le deontóirí poiblí agus príobháideacha, chun cúnamh maoiniúcháin agus tacaíocht a fháil chun cláir, tionscadail agus gníomhaíochtaí is díol spéise don gheilleagar caife a fhorghníomhú de réir mar is iomchuí.

## CAIBIDIL XI – EARNÁIL PHRÍOBHÁIDEACH AN CHAIFE

### AIRTEAGAL 34
### Bord na gComhaltaí Cleamhnachta

(1) Is comhlacht comhairleach a bheidh i mBord na gComhaltaí Cleamhnachta (BAM), a fhéadfaidh moltaí a dhéanamh arna iarraidh sin don Chomhairle, chomh maith le hiarraidh ar an gComhairle agus ar a fochomhlachtaí ábhair a bhaineann leis an gComhaontú seo agus le staid earnáil caife an domhain a áireamh ina gClár Oibre agus cinneadh a dhéanamh ina leith.

(2) Is de na Comhaltaí Cleamhnachta uile a bheidh BAM comhdhéanta.

(3) Beidh Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach ag BAM, a thoghfar as measc a chomhaltaí, go ceann tréimhse bliana. Is ceadmhach na hoifigigh sin a atoghadh. Ní bheidh an Cathaoirleach ná an Leas-Chathaoirleach á n-íoc ag an Eagraíocht.

(4) Iarrfaidh an Chomhairle ar Chathaoirleach agus ar Leas-Chathaoirleach BAM a bheith rannpháirteach i gcruinnithe na Comhairle agus beidh ceart labhartha acu.

(5) Déanfaidh Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach BAM ionadaíocht ar an mBord i Meitheal Phríobháideach-Phoiblí an Chaife (CPPWP).

(6) Tiocfaidh BAM le chéile ag suíomh na hEagraíochta de ghnáth, roimh sheisiúin thráthrialta na Comhairle agus ní thiocfaidh sceidealú sheisiúin BAM salach ar na seisiúin sin de chuid na Comhairle. I gcás ina nglacfaidh an Chomhairle le cuireadh ó Chomhalta cruinniú a thionól ina chríoch, tiocfaidh BAM le chéile sa chríoch sin freisin, agus sa chás sin is í an tír nó an eagraíocht de chuid na hEarnála Príobháidí a bheidh ina hóstach ar an gcruinniú a sheasfaidh na costais bhreise a bheidh i gceist don Eagraíocht, ar costais bhreise iad ar na costais a thabhaítear agus an cruinniú á thionól ag suíomh na hEagraíochta.

(7) Is ceadmhach do BAM cruinnithe ar leith a thionól faoi réir a bhformheasta ag an gComhairle.

(8) Bunóidh BAM a rialacha nós imeachta féin, i gcomhréir le forálacha an Chomhaontaithe seo.

## AIRTEAGAL 35
## **Meitheal Phríobháideach-Phoiblí an Chaife – CPPWP**

(1) Is sásra comhpháirtíochta príobháidí poiblí inpháirtithe leasmhara í Meitheal Phríobháideach-Phoiblí an Chaife (dá ngairtear CPPWP anseo feasta), arb é is cuspóir di gníomhaíochtaí praiticiúla atá faoi cheangal ama a shainaithint agus a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna maidir le praghasleibhéil, luaineacht praghsanna agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach earnáil an chaife.

(2) Déanfaidh CPPWP an méid seo a leanas:

(a) Comhdhearcadh a chothú maidir le saincheisteanna agus gníomhaíochtaí tosaíochta a chuirfear faoi bhráid na Comhairle lena meas agus a chomhroinnfear leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus le Fóram na gCeannairí Domhanda (CGLF);

(b) An t-idirphlé príobháideach-poiblí a stiúradh agus an dul chun cinn a rianú maidir le gealltanais i ndáil leis na saincheisteanna i dtaca le praghasleibhéil, luaineacht praghsanna agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach earnáil an chaife;

(c) Forbairt agus oibríochtú breise a spreagadh i leith na ngealltanas agus na dtionscnamh arna bhformheas ag an gComhairle maidir le saincheist na bpraghasleibhéal agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach earnáil an chaife; agus

(d) Comhfhís agus an clár oibre le haghaidh idirphlé príobháideach-poiblí a fhorbairt go leanúnach, lena dtabharfar aghaidh ar shaincheisteanna práinneacha a bhaineann le hearnáil an chaife, lena soiléireofar ionchais agus lena sainaithneofar deiseanna agus acmhainní le haghaidh comhghníomhaíochta.

(3) Beidh CPPWP comhdhéanta de thoscairí arna n-ainmniú ag an gComhairle agus d'ionadaithe ón Earnáil Phríobháideach, agus iad ar aon líon le chéile. Is ceadmhach d'ionadaithe na Sochaí Sibhialta agus eagraíochtaí idirnáisiúnta dul isteach in CPPWP faoi choinníollacha a leagfaidh an Chomhairle síos.

(4) Gníomhóidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin mar rúnaí *ex-officio* CPPWP in éineacht le comhalta ainmnithe den fhoireann a bheidh ag fónamh mar rúnaí malartach agus a ghníomhóidh thar a cheann nó thar a ceann cibé uair is gá.

(5) Leagfaidh CPPWP síos a rialacha nós imeachta féin, i gcomhréir le forálacha an Chomhaontaithe seo agus leis na Téarmaí Tagartha arna bhformheas ag an gComhairle.

(6) Bunóidh CPPWP a shásraí féin chun dul i mbun plé le páirtithe leasmhara príobháideacha agus poiblí in earnáil an chaife, le comhpháirtithe forbraíochta agus leis an tSochaí Shibhialta, agus measúnú á dhéanamh ag an Meitheal ar shaincheisteanna tosaíochta agus dea-chleachtais agus réitigh á sainaithint.

(7) Cuirfidh CPPWP tuarascálacha tráthrialta agus a chuid pléití agus moltaí faoi bhráid na Comhairle lena meas.

AIRTEAGAL 36

**Rannpháirteachas, comhtháthú agus cuimsitheacht**

(1) Cuirfidh an Chomhairle agus a fochomhlachtaí, lena n-áirítear CPPWP, ar a gcumas do Chomhaltaí Cleamhnachta agus d'eagraíochtaí idirnáisiúnta chomh maith, i gcás inarb iomchuí, an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) Anailís shaineolach ar shaincheisteanna óna thaithí sa réimse go díreach a sholáthar;
- (b) Fónamh mar ghníomhaire luathrabhaidh;
- (c) Cuidiú le feasacht an phobail ar shaincheisteanna ábhartha a mhúscailt;
- (d) Rannchuidiú le cuspóirí an Chomhaontaithe seo a chur ar aghaidh; agus
- (e) Rannchuidiú trí fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil ag imeachtaí de chuid na hEagraíochta.

(2) Ag aithint dóibh freisin go soláthraíonn an Eagraíocht deiseanna do Chomhaltaí Cleamhnachta éisteacht a fháil le lucht féachana leathan agus rannchuidiú lena clár oibre, is féidir le Comhaltaí Cleamhnachta an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) A bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí na hEagraíochta le formheas na Comhairle, nó sna gníomhaíochtaí sin atá sa chlár gníomhaíochtaí;
- (b) Faisnéis, eolas agus dea-chleachtais a fháil agus a chomhroinnt le Comhaltaí agus le Comhaltaí Cleamhnachta eile trí na huirlisí comhoibríocha arna soláthar ag an Eagraíocht dóibh nó trí mhodhanna eile;
- (c) Freastal ar chomhdhálacha agus ar imeachtaí idirnáisiúnta atá cleamhnaithe le ICO;
- (d) Ráitis scríofa agus ráitis ó bhéal a dhéanamh ag na himeachtaí sin;
- (e) Imeachtaí ar an imeall a eagrú;
- (f) Faisnéis agus sonraí a rochtain; agus
- (g) Deiseanna a bheith acu líonrú agus brústocaireacht a dhéanamh chun a dteagmhálacha agus a mbonn eolais a leathnú chun comhpháirtíochtaí féideartha le páirtithe leasmhara éagsúla a fhiosrú.

AIRTEAGAL 37

**Comhdháil Chaife an Domhain**

(1) Déanfaidh an Chomhairle socruithe chun Comhdháil Chaife an Domhain (dá ngairtear an Chomhdháil anseo feasta) a thionól, ag eatraimh iomchuí, a bheidh comhdhéanta de Chomhaltaí is onnmhaireoirí agus is allmhaireoirí, ionadaithe ón Earnáil Phríobháideach, agus rannpháirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear rannpháirtithe ó thíortha nach ballstáit iad. Áiritheoidh an Chomhairle, i gcomhar le Cathaoirleach na Comhdhála, go rannchuideoidh an Chomhdháil le cuspóirí an Chomhaontaithe seo a chur ar aghaidh.

(2) Beidh Cathaoirleach ag an gComhdháil nach mbeidh á n-íoc ag an Eagraíocht. Ceapfaidh an Chomhairle an Cathaoirleach ar feadh tréimhse iomchuí, agus iarrfar air a bheith rannpháirteach i gcruinnithe na Comhairle mar bhreathnóir.

(3) Cinnfidh an Chomhairle foirm, teideal, ábhar agus uainiú na Comhdhála, agus coinneoidh sé Bord na gComhaltaí Cleamhnachta agus Meitheal Phríobháideach-Phoiblí an Chaife ar an eolas faoi sin. Tionólfar an Chomhdháil de ghnáth ag suíomh na hEagraíochta, le linn seisiúin den Chomhairle. Má chinneann an Chomhairle glacadh le cuireadh ó Chomhalta seisiún a thionól ina críoch, féadfar an Chomhdháil a thionól sa chríoch sin freisin, agus sa chás sin is í an tír a bheidh ina hóstach ar an seisiún a sheasfaidh na costais bhreise a bheidh i gceist don Eagraíocht, ar costais sa bhreis iad ar na costais a thabhaítear agus an cruinniú á thionól ag suíomh na hEagraíochta.

(4) Mura gcinnfidh an Chomhairle a mhalairt, beidh an Chomhdháil féinmhaoinitheach.

(5) Tuairisceoidh an Cathaoirleach don Chomhairle ar chonclúidí na Comhdhála.

AIRTEAGAL 38

**Maoiniú na hEarnála Caife**

Éascóidh an Coiste Eacnamaíochta comhairliúcháin maidir le topaicí a bhaineann le sásraí bainistithe maoiniúcháin agus riosca in earnáil an chaife, agus riachtanais na dtáirgeoirí ar mionscála agus ar meánscála, feirmeoirí agus pobail áitiúla i limistéir táirgthe caife á gcur i dtábhacht go háirithe.

## CAIBIDIL XII – FORÁLACHA GINEARÁLTA

### AIRTEAGAL 39
**Ullmhúcháin le haghaidh Comhaontú nua**

(1) D'fhéadfadh an Chomhairle an fhéidearthacht a scrúdú maidir le Comhaontú Idirnáisiúnta Caife nua a chaibidliú.

(2) Chun an fhoráil sin a chomhlíonadh, scrúdóidh an Chomhairle an dul chun cinn atá déanta ag an Eagraíocht maidir le cuspóirí an Chomhaontaithe seo a bhaint amach mar a shonraítear in Airteagal 1.

## CAIBIDIL XIII – FORBAIRT INBHUANAITHE

### AIRTEAGAL 40
### Earnáil inbhuanaithe caife

(1) Tabharfaidh na Comhaltaí tosaíocht chuí do bhainistiú inbhuanaithe na n-acmhainní caife agus na próiseála caife, agus trí ghné na bprionsabal agus na gcuspóirí maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe á gcur san áireamh, is iad sin – an ghné eacnamaíoch, an ghné shóisialta agus an ghné chomhshaoil – ar bhealach cothrom comhtháite, atá i Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus i dtionscnaimh dhomhanda ghaolmhara eile ar thacaigh na Comhaltaí leo.

(2) Féadfaidh an Eagraíocht, arna iarraidh sin uirthi, cúnamh a thabhairt do na Comhaltaí a n-earnáil caife a fhorbairt go hinbhuanaithe agus é d’aidhm aici rathúnas a chur chun cinn d’fheirmeoirí caife agus do pháirtithe leasmhara uile an chaife, agus feabhas á chur ar tháirgiúlacht, cáilíocht, athléimneacht agus brabúsacht sa slabhra luacha caife an tráth céanna, go háirithe d’fheirmeoirí ar mionscála agus do tháirgeoirí caife eile ar mionscála.

### AIRTEAGAL 41
### Caighdeán maireachtála agus dálaí oibre

Déanfaidh na comhaltaí machnamh ar fheabhas a chur ar chaighdeán maireachtála agus ar dhálaí oibre na bpobal atá ag gabháil d’earnáil an chaife, i gcomhréir le céim a bhforbartha, agus prionsabail a aithnítear go hidirnáisiúnta á gcur san áireamh mar aon leis na caighdeáin is infheidhme maidir leis na hábhair sin. Thairis sin, comhaontaíonn na Comhaltaí nach n-úsáidfear caighdeáin saothair chun críoch caomhnaitheachta trádála.

## CAIBIDIL XIV – COMHAIRLIÚCHÁIN, DÍOSPÓIDÍ AGUS GEARÁIN

### AIRTEAGAL 42
**Comhairliúcháin**

Déanfaidh gach Comhalta breithniú tuisceanach ar chomhairliúchán maidir le cibé uiríll a fhéadfaidh Comhalta eile a dhéanamh i ndáil le haon ábhar a bhaineann leis an gComhaontú seo agus tabharfaidh sé deis leormhaith le haghaidh an chomhairliúcháin sin. Le linn an chomhairliúcháin sin, arna iarraidh sin do cheachtar páirtí agus le toiliú an pháirtí eile, bunóidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin painéal neamhspleách a úsáidfidh a chuidiú d'fhonn idir-réiteach a bhaint amach leis na páirtithe. Ní bheidh costais an phainéil inmhuirir i leith na hEagraíochta. Mura gcomhaontóidh páirtí leis go mbunóidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin painéal, nó mura dtiocfar ar réiteach de thoradh an chomhairliúcháin, féadfar an t-ábhar a chur os comhair na Comhairle i gcomhréir le forálacha Airteagal 43. Má bhíonn réiteach ann de thoradh an chomhairliúcháin, déanfar sin a thuairisciú don Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus dáilfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin an tuarascáil sin ar na Comhaltaí uile.

### AIRTEAGAL 43
**Díospóidí agus gearáin**

(1) Aon díospóid a bhaineann le léirmhíniú nó le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo nach socrófar trí chaibidlíocht, arna iarraidh sin d'aon Chomhalta is páirtí sa díospóid, cuirfear an díospóid os comhair na Comhairle lena cinneadh.

(2) Bunóidh an Chomhairle nós imeachta um réiteach díospóidí agus gearán.

## CAIBIDIL XV – FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

### AIRTEAGAL 44
**Síniú agus daingniú, glacadh nó formheas**

(1) Mura bhforáiltear a mhalairt, beidh an Comhaontú seo ar oscailt lena shíniú ag ceanncheathrú an Taiscí ón 6 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 30 Aibreán 2023 agus an dáta sin san áireamh ag Páirtithe Conarthacha i gComhaontú Idirnáisiúnta Caife 2007 agus ag Rialtais ar tugadh cuireadh dóibh teacht chuig an seisiún den Chomhairle inar glacadh an Comhaontú seo.

(2) Beidh an Comhaontú seo faoi réir a dhaingnithe, a ghlactha nó a fhormheasta ag na Rialtais is sínitheoirí i gcomhréir lena nósanna imeachta dlíthiúla féin.

(3) Ach amháin mar a fhoráiltear in Airteagal 46, déanfar ionstraimí daingniúcháin, glactha nó formheasta a thaisceadh leis an Taiscí tráth nach déanaí ná an 31 Iúil 2023. Mar sin féin, d'fhéadfadh an Chomhairle cinneadh a dhéanamh go ndeonóidh sí síneadh a chur leis an tréimhse do Rialtais is sínitheoirí nach bhfuil in ann a n-ionstraimí a thaisceadh faoin dáta sin. Is í an Chomhairle a tharchuirfidh na cinntí sin chuig an Taiscí.

(4) Ar dó an Comhaontú a shíniú agus a dhaingniú, a ghlacadh nó a fhormheas, nó ar dó fógra a fháil um chur i bhfeidhm sealadach, taiscfidh an tAontas Eorpach dearbhú leis an Taiscí lena ndeimhneofar a inniúlacht eisiach maidir le hábhair a rialaítear leis an gComhaontú seo. Ní bheidh Ballstáit an Aontais Eorpaigh incháilithe chun bheith ina bPáirtithe Conarthacha sa Chomhaontú.

### AIRTEAGAL 45
**Cur i bhfeidhm sealadach**

Rialtas is sínitheoir a bhfuil sé beartaithe aige an Comhaontú seo a dhaingniú, a ghlacadh nó a fhormheas, féadfaidh sé, tráth ar bith, fógra a thabhairt don Taiscí go gcuirfidh sé an Comhaontú seo i bhfeidhm go sealadach i gcomhréir lena nósanna imeachta dlíthiúla.

## AIRTEAGAL 46
**Teacht i bhfeidhm**

(1) Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm go cinntitheach i gcás ina mbeidh ionstraimí daingniúcháin, glactha nó formheasta taiscthe ag Rialtais is sínitheoirí a bhfuil dhá thrian ar a laghad de vótaí na gComhaltaí is onnmhaireoirí acu agus ag Rialtais is sínitheoirí a bhfuil dhá thrian ar a laghad de vótaí na gComhaltaí is allmhaireoirí acu, arna ríomh an 6 Meitheamh 2022, gan tagairt d'fhionraí féideartha faoi théarmaí Airteagal 22. De rogha air sin, tiocfaidh sé i bhfeidhm go cinntitheach tráth ar bith má tá sé i bhfeidhm go sealadach i gcomhréir le forálacha mhír (2) den Airteagal seo agus má chomhlíontar na ceanglais sin maidir leis na céatadáin trí ionstraimí daingniúcháin, glactha nó formheasa a thaisceadh.

(2) Mura mbeidh an Comhaontú seo tagtha i bhfeidhm go cinntitheach faoin 31 Iúil 2023, tiocfaidh sé i bhfeidhm go sealadach an dáta sin, nó aon dáta laistigh de 12 mhí ina dhiaidh sin, má tá ionstraimí daingniúcháin, glactha nó formheasta taiscthe ag Rialtais is sínitheoirí a bhfuil vótaí acu mar a shonraítear i mír (1) den Airteagal seo, nó má tá fógra tugtha acu don Taiscí i gcomhréir le forálacha Airteagal 45.

(3) Más rud é go mbeidh an Comhaontú seo tagtha i bhfeidhm go sealadach ach nach mbeidh sé tagtha i bhfeidhm go cinntitheach faoin 31 Iúil 2024, scoirfidh sé de bheith i bhfeidhm go sealadach mura rud é go ndéanfaidh na Rialtais sin is sínitheoirí a bhfuil ionstraimí daingniúcháin, glactha nó formheasta taiscthe acu, nó a bhfuil fógra tugtha acu don Taiscí i gcomhréir le forálacha Airteagal 45, a chinneadh de chomhthoil, go leanfaidh sé de bheith i bhfeidhm go sealadach ar feadh tréimhse shonrach ama. Féadfaidh na Rialtais sin is sínitheoirí a chinneadh freisin, de chomhthoil, go dtiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm go cinntitheach eatarthu féin.

(4) Mura mbeidh an Comhaontú seo tagtha i bhfeidhm go cinntitheach nó go sealadach faoin 31 Iúil 2024 faoi fhorálacha mhír (1) nó (2) den Airteagal seo, féadfaidh na Rialtais sin is sínitheoirí a mbeidh ionstraimí daingniúcháin, glactha nó formheasta taiscthe acu, i gcomhréir lena ndlíthe agus lena rialacháin, a chinneadh, de chomhthoil, go dtiocfaidh sé i bhfeidhm go cinntitheach eatarthu féin.

## AIRTEAGAL 47
**Aontachas**

(1) Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, féadfaidh Rialtas aon bhallstáit de chuid na Náisiún Aontaithe nó aon cheann dá ghníomhaireachtaí speisialaithe nó aon

eagraíocht idir-rialtasach ar a dtugtar tuairisc i mír (3) d'Airteagal 4 aontú don Chomhaontú seo i gcomhréir le nósanna imeachta a bhunóidh an Chomhairle.

(2) Taiscfear na hionstraimí aontachais leis an Taiscí. Gabhfaidh éifeacht leis an aontachas ar thaisceadh na hionstraime.

(3) Ar di ionstraim aontachais a thaisceadh, déanfaidh aon eagraíocht idir-rialtasach dá dtagraítear i mír (3) d'Airteagal 4 dearbhú a thaisceadh lena ndaingneofar a hinniúlacht eisiach ar ábhair atá faoi rialú ag an gComhaontú seo. Ní bheidh ballstáit na heagraíochta sin incháilithe le bheith ina bPáirtithe Conarthacha sa Chomhaontú seo.

## AIRTEAGAL 48
**Forchoimeádais**

Ní fhéadfar forchoimeádais a dhéanamh i ndáil le haon cheann d'fhorálacha an Chomhaontaithe seo.

## AIRTEAGAL 49
**Tarraingt siar dheonach**

Is ceadmhach d'aon Pháirtí Conarthach tarraingt siar as an gComhaontú seo tráth ar bith trí fhógra i scríbhinn maidir le tarraingt siar a thabhairt don Taiscí. Tiocfaidh an tarraingt siar in éifeacht 90 lá tar éis don Taiscí an fógra a fháil.

## AIRTEAGAL 50
**Eisiamh**

Má chinneann an Chomhairle go bhfuil aon Chomhalta ag sárú a oibleagáidí faoin gComhaontú seo agus má chinneann sí thairis sin go gcuireann an sárú sin isteach go mór ar oibriú an Chomhaontaithe seo, féadfaidh sí an Comhalta sin a eisiamh ón Eagraíocht. Tabharfaidh an Chomhairle fógra don Taiscí láithreach faoi aon chinneadh den sórt sin. 90 lá tar éis dháta an chinnidh ón gComhairle, scoirfidh an Comhalta sin de bheith ina Chomhalta den Eagraíocht agus ina Pháirtí sa Chomhaontú seo.

## AIRTEAGAL 51
**Lánghlanadh na gcuntas le Comhaltaí a tharraingeoidh siar nó a eiseofar**

(1) Cinnfidh an Chomhairle aon lánghlanadh cuntas le Comhalta a tharraingeoidh siar nó a eiseofar. Coinneoidh an Eagraíocht aon mhéid a bheidh íoctha cheana féin ag Comhalta a tharraingeoidh siar nó a eiseofar agus leanfaidh an Comhalta sin de bheith faoi cheangal aon mhéid a bheidh dlite uaidh a íoc leis an Eagraíocht tráth a thiocfaidh an tarraingt siar nó an t-eisiamh in éifeacht; ar choinníoll, áfach, i gcás Páirtí Conarthach nach mbeidh in ann glacadh le leasú agus a scoirfidh dá dhroim sin de bheith rannpháirteach sa Chomhaontú seo faoi fhorálacha mhír (2) d'Airteagal 53, go bhféadfaidh an Chomhairle aon lánghlanadh cuntas a bheidh cothromasach dar léi a chinneadh.

(2) Comhalta a scoir de bheith rannpháirteach sa Chomhaontú seo, ní bheidh sé i dteideal aon sciar de na fáltais de dheasca leachtú na hEagraíochta ná d'aon sciar de na sócmhainní eile dá cuid; ná ní bheidh sé faoi dhliteanas aon chuid d'easnamh, más ann dó, de chuid na hEagraíochta a íoc ar dó an Comhaontú seo a fhoirceannadh.

## AIRTEAGAL 52
**Ré agus foirceannadh**

(1) Fanfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm go dtí go bhfoirceannfaidh an Chomhairle é faoi fhorálacha mhír (3) den Airteagal seo.

(2) Déanfaidh an Chomhairle athbhreithniú ar an gComhaontú seo gach 5 bliana, tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, más gá nó cibé uair is gá, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus ar dheiseanna nua agus chun freagairt dóibh, agus déanfaidh an Chomhairle cinntí de réir mar is iomchuí.

(3) Féadfaidh an Chomhairle a chinneadh an Comhaontú seo a fhoirceannadh tráth ar bith. Gabhfaidh éifeacht leis an bhfoirceannadh cibé dáta a chinnfidh an Chomhairle.

(4) D'ainneoin fhoirceannadh an Chomhaontaithe seo, leanfaidh an Chomhairle ar marthain a fhad is gá chun cibé cinntí a dhéanamh a mbeidh gá leo le linn na tréimhse a bheidh de dhíth chun an Eagraíocht a leachtú, a cuntais a lánghlanadh agus a sócmhainní a dhiúscairt.

(5) Aon chinneadh a dhéanfar i ndáil le foirceannadh an Chomhaontaithe seo agus aon fhógra a gheobhaidh an Chomhairle de bhun an Airteagail seo, tarchuirfidh an Chomhairle chuig an Taiscí go cuí iad.

AIRTEAGAL 53

**Leasú**

(1) Féadfaidh an Chomhairle leasú ar an gComhaontú a mholadh agus cuirfidh sí an togra sin in iúl do na Páirtithe Conarthacha uile. Tiocfaidh an leasú i bhfeidhm maidir le Comhaltaí uile na hEagraíochta 100 lá tar éis don Taiscí fógraí glactha a fháil ó Pháirtithe Conarthacha a bhfuil dhá thrian ar a laghad de vótaí na gComhaltaí is onnmhaireoirí acu, agus ó Pháirtithe Conarthacha a bhfuil dhá thrian ar a laghad de vótaí na gComhaltaí is allmhaireoirí acu. Ríomhfar céatadán an dá thriain dá dtagraítear anseo bunaithe ar an líon Páirtithe Conarthacha sa Chomhaontú tráth a scaipeadh togra an leasaithe ar na Páirtithe Conarthacha lena mbaineann lena ghlacadh. Socróidh an Chomhairle tréimhse a dtabharfaidh na Páirtithe Conarthacha fógra don Taiscí lena linn go nglacann siad leis an leasú, tréimhse a chuirfidh an Chomhairle in iúl do na Páirtithe Conarthacha uile agus don Taiscí. Más rud é, ar dhul in éag na teorann ama sin, nach mbeidh na ceanglais maidir leis na céatadáin i ndáil le teacht i bhfeidhm an leasaithe comhlíonta, measfar an leasú a bheith tarraingthe siar.

(2) Mura gcinnfidh an Chomhairle a mhalairt, aon Pháirtí Conarthach nach mbeidh fógra tugtha aige don Taiscí go nglacann sé le leasú i gcomhréir le forálacha mhír (1) den Airteagal seo laistigh den tréimhse arna socrú ag an gComhairle, scoirfidh sé de bheith ina Pháirtí Conarthach sa Chomhaontú seo ón dáta a thiocfaidh an leasú in éifeacht.

(3) Tabharfaidh an Chomhairle fógra don Taiscí faoi aon leasú a dháilfear ar na Páirtithe Conarthacha faoin Airteagal seo.

AIRTEAGAL 54

**Foráil fhorlíontach agus idirthréimhseach**

Na gníomhartha uile arna ndéanamh ag an Eagraíocht nó ag aon cheann dá cuid orgán nó thar a ceann nó thar a cheann faoi Chomhaontú Idirnáisiúnta Caife 2007, fanfaidh siad de bheith i bhfeidhm go dtí go dtiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm.

## AIRTEAGAL 55
**Téacsanna barántúla an Chomhaontaithe**

Beidh comhúdarás ag téacsanna an Chomhaontaithe seo sa Bhéarla, sa Fhraincis, sa Phortaingéilis agus sa Spáinnis. Déanfar na cóipeanna bunaidh a thaisceadh leis an Taiscí.

Á FHIANÚ SIN tá na daoine a bhfuil a síniú anseo thíos, agus iad údaraithe go cuí chuige sin ag a Rialtas féin, tar éis an Comhaontú seo a shíniú na dátaí atá le feiceáil os comhair a sínithe.

IARSCRÍBHINN I

**FACHTÓIRÍ COINBHÉARTACHTA LE hAGHAIDH CAIFE RÓSTA, DÍCHAIFÉINITHE LEACHTACH AGUS INTUASLAGTHA MAR A SHAINMHÍNÍTEAR I gCOMHAONTÚ IDIRNÁISIÚNTA CAIFE 2007**

*Caife rósta*
Chun caife rósta a chomhshó ina choibhéis pónairí amha, iolraigh glanmheáchan caife rósta faoi 1,19.

*Caife díchaiféinithe*
Chun caife amh díchaiféinithe a chomhshó ina choibhéis pónairí glasa, iolraigh glanmheáchan an chaife aimh dhíchaiféinithe faoi 1,05. Chun caife rósta agus díchaiféinithe agus caife intuaslagtha díchaiféinithe a chomhshó ina choibhéis pónairí amha, iolraigh a nglanmheáchan faoi 1,25 nó 2,73, faoi seach.

*Caife leachtach*
Chun caife leachtach a chomhshó ina choibhéis pónairí amha, iolraigh glanmheáchan na solad caife triomaithe atá sa chaife leachtach faoi 2,6.

*Caife intuaslagtha*
Chun caife intuaslagtha a chomhshó ina choibhéis pónairí amha, iolraigh glanmheáchan an chaife intuaslagtha faoi 2,6.

*Caife réamh-mheasctha*
Lena chinneadh, de réir Rún 476 arna fhormheas ag an gComhairle Idirnáisiúnta Caife an 9 Meitheamh 2022.

ICC **Rún 477**

An 9 Meitheamh 2022
Bunleagan: Béarla

E

An Chomhairle Idirnáisiúnta Caife
an 133ú Seisiún (Ar Leith)
Seisiún Fíorúil
an 8 agus an 9 Meitheamh 2022
Londain, an Ríocht Aontaithe

**Rún Uimhir 477**

ARNA FHORMHEAS AG AN DARA CRUINNIÚ IOMLÁNACH, AN 9 MEITHEAMH 2022

**Taiscí le haghaidh**
**Comhaontú Idirnáisiúnta Caife 2022**

DE BHARR AN MHÉID SEO A LEANAS:

Gur fhormheas an Chomhairle Idirnáisiúnta Caife Rún 476 lenar glacadh téacs Chomhaontú Idirnáisiúnta Caife 2022 ag an 133ú Seisiún dá cuid an 9 Meitheamh 2022;

Foráiltear le mír (1) d’Airteagal 76 (Taiscí na gConarthaí) de Choinbhinsiún Vín 1969 maidir le Dlí na gConarthaí go bhféadfaidh na Stáit is idirbheartaithe taiscí conartha a ainmniú, agus go bhféadfaidh Stát amháin nó níos mó, eagraíocht idirnáisiúnta nó príomhoifigeach riaracháin na heagraíochta a bheith ina thaiscí; agus

Foráiltear le mír (10) d’Airteagal 2 de Chomhaontú Idirnáisiúnta Caife 2022 go n-ainmneoidh an Chomhairle an Taiscí trí chinneadh comhthola roimh an 6 Deireadh Fómhair 2022 agus go mbeidh an cinneadh sin ina chuid dhílis de Chomhaontú 2022,

AN CHOMHAIRLE IDIRNÁISIÚNTA CAIFE

BEARTAÍONN MAR A LEANAS:

1. An Eagraíocht Idirnáisiúnta Chaife a ainmniú mar an Taiscí le haghaidh Chomhaontú Idirnáisiúnta Caife 2022.

2. Iarraidh ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, ina cáil mar phríomhoifigeach riaracháin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Caife, na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an Eagraíocht feidhmeanna an Taiscí le haghaidh Chomhaontú 2022, ar

bhealach a bheidh comhsheasmhach le Coinbhinsiún Vín 1969 maidir le Dlí na gConarthaí, lena n-áirítear an méid seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dó:

(a) Téacs bunaidh an Chomhaontaithe agus aon Lánchumhacht a tugadh don Taiscí a choimeád.

(b) Cóipeanna dílse deimhnithe den Chomhaontú bunaidh a ullmhú agus a scaipeadh.

(c) Aon síniú leis an gComhaontú a fháil, agus aon ionstraim, aon fhógra agus aon chumarsáid a bhaineann leis a fháil agus a choimeád.

(d) Scrúdú a dhéanamh féachaint an bhfuil an síniú nó aon ionstraim, fógra nó cumarsáid a bhaineann leis an gComhaontú i bhfoirm chuí cheart.

(e) Gníomhartha, fógraí agus teachtaireachtaí a bhaineann leis an gComhaontú a scaipeadh.

(f) An tráth, a bheidh an líon ionstraimí daingniúcháin, glactha nó formheasta, nó fógraí um chur i bhfeidhm sealadach, taiscthe a chur in iúl, arb iad sin na hionstraimí nó na fógraí iad a cheanglaítear le haghaidh theacht i bhfeidhm nó theacht i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe mar a leagtar amach in Airteagal 46.

(g) An Comhaontú a chlárú le hArd-Rúnaí na Náisiún Aontaithe.

(h) I gcás aon cheist maidir le comhlíonadh fheidhmeanna an Taiscí, an t-ábhar a chur ar a súile do na sínitheoirí agus do na Páirtithe Conarthacha, nó, i gcás inarb iomchuí, don Chomhairle Idirnáisiúnta Chaife.

Deimhním leis seo gur cóip dhílis é an méid sin roimhe seo de Chomhaontú Idirnáisiúnta Caife 2022, a glacadh le Rún 476 ón gComhairle Idirnáisiúnta Chaife an 9 Meitheamh 2022 ag a 133ú Seisiún, a bhfuil an chóip bhunaidh de taiscthe leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta Caife.

Vanúsia Nogueira
Stiúrthóir Feidhmiúcháin
na hEagraíochta Idirnáisiúnta Caife

Londain, an Ríocht Aontaithe, an 29 Iúil 2022